



Prótacal teicniúil i dtaca le galair thógálacha a bhaineann le drugaí (DRIDanna) – suirbhéanna maidir le VEID agus heipitíteas víreasach ar dhaoine a bhaineann mí-úsáid as drugaí trí instealladh

Fógra dlíthiúil

Níl EUDA ná aon duine atá ag gníomhú thar ceann EUDA freagrach as an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis atá san fhoilseachán seo.

© Gníomhaireacht Drugaí an Aontais Eorpaigh, 2024

Údaraítear atáirgeadh ach an fhoinsé a admháil.

Ida Sperle-Heupel (Institiúid Robert Koch) agus Ruth Zimmermann (Institiúid Robert Koch) a chuir an doiciméad seo le chéile faoi chonradh CT.22.HEA.0108.1.0 de chuid EUDA, arna chomhordú ag Thomas Seyler (EUDA) agus Filippo Pericoli (EUDA), le ranníocaíochtaí luachmhara ó a baill seo a leanas de ghrúpa oibre EUDA: Vana Sypsa (Ollscoil Náisiúnta agus Kapodistrias na hAithne), Sharon Hutchinson (Ollscoil Chaladónach Ghlaschú), Carole Devaux (Institiúid Sláinte Lucsamburg), Martin Kåberg (Karolinska Institutet), Marie Jauffret-Roustide (Inserm), Anda Juvte-Urtāne (Ollscoil Riga Stradins), Erika Duffell (ECDC).

Lua molta: Gníomhaireacht Drugaí an Aontais Eorpaigh (2024), *Prótacal teicniúil i dtaca le galair thógálacha a bhaineann le drugaí (DRIDanna) – suirbhéanna maidir le VEID agus heipitíteas víreasach ar dhaoine a bhaineann mí-úsáid as drugaí trí instealladh*, EUDA, Liospóin.

Tabhair faoi deara: Sa leagan seo ceartaítear roinnt botún clóghrafach agus formáidithe, agus tá feabhas curtha air ó thaobh na hinrochtaineachta i gcomparáid leis an mbunleagan.



Praça Europa 1, Cais do Sodré, 1249-289 Liospóin, an Phortaingéil
Teil. +351 211210200

info@euda.europa.eu | www.euda.europa.eu | x.com/euda | facebook.com/euda

Clár ábhar

Giorrúcháin	5
Réamhrá	6
Cúlra.....	6
An dóigh leis an bprótacal teicniúil seo a úsáid	6
Nuashonrú agus scaipeadh an phrótacail theicniúil.....	6
Aidhm agus cuspóirí an phrótacail theicniúil	7
Céimeanna maidir le suirbhé a phleanáil agus a chur chun feidhme	7
Pointí le cur san áireamh agus suirbhé á phleanáil	7
Measúnú a dhéanamh ar an bhfianaise agus ar na riachtanais atá ar fáil don suirbhé ...	7
Cuspóirí soiléire a shainiú don suirbhé	7
Comhpháirtithe agus geallsealbhóirí féideartha a shainaithint	8
An staidéar a chur i gcrích – ó shainmhíniú an phobail staidéir go tuairisciú na dtorthaí.....	8
Dearaí staidéir	11
An pobal staidéir a shainiú	14
Láithreáin samplála, earcaíochta agus staidéir	15
Ríomh an tsamplamhéid	15
Modhanna samplála agus earcaíochta.....	17
Spreagadh chun rannpháirtíochta	20
Suíomhanna earcaíochta agus staidéir	21
Bailiú agus tástáil eiseamail.....	24
Bailiú, bainistiú agus anailísiú sonraí	27
Bailiú sonraí	27
Bainistiú sonraí	28
Anailís sonraí	28
Breithnithe eiticiúla agus cosaint sonraí.....	38
Cosaint sonraí.....	38
Breithnithe eiticiúla agus cosaint sonraí	38
Gnéithe ó thaobh cúrsaí lóistíochta de	38
Maoiniú agus costais	38
Foireann staidéir agus oiliúint	39
Amlíne	40
Tuairisciú na dtorthaí, pleananna maidir le scaipeadh	40
Tagairtí	41
IARSCRÍBHINNÍ.....	43

Fíoracha

Fíor 1: Céimeanna maidir le staidéar a phleanáil agus a chur i gcrích	9
Fíor 2: Spriocphobal agus fráma samplála i sampláil suirbhé	17

Táblaí

Tábla 1: Comhpháirtithe agus geallsealbhóirí féideartha	8
Tábla 2: Dearaí staidéir le haghaidh suirbhéanna ar PWIDanna	12
Tábla 3: Sainmhíniú ar an bpobal staidéir.....	14
Tábla 4: Foirmilí ríofa samplamhéid	16
Tábla 5: Modhanna samplála bunaithe ar dhóchúlacht.....	18
Tábla 6: Modhanna samplála atá bunaithe ar neamhdhóchúlacht	19
Tábla 7: Breithnithe maidir le láithreáin staidéir agus earcaíochta a roghnú	21
Tábla 8: Suíomhanna earcaíochta agus staidéir (de réir thuairisciú EUDA in FONTE)	22
Tábla 9: Ábhar bitheolaíoch le haghaidh heipitíteas B, heipitíteas C agus VEID a thástáil – tástálacha atá ar fáil de réir an chineáil shamplaigh (baineann sé seo le PWIDanna i suíomhanna tairsí ísle, lena n-áirítear for-rochtain).....	25
Tábla 10: Marcóirí agus ateangaireacht HBV íosta, molta agus roghnach.....	26
Tábla 11: Marcóirí íosta agus molta, agus léirmhíniú HCV	26
Tábla 12: Marcóirí agus ateangaireacht HIV íosta, molta agus roghnach	27
Tábla 13: Táscairí maidir le láithreacht galair, fachtóirí riosca agus idirghabhálacha i measc PWIDanna.....	30

Giorrúcháin

ART	teiripe fhrith-aisvíreasach
DRIDanna	galair thógálacha a bhaineann le drugaí
EASL	An Comhlachas Eorpach um Staidéar ar an Ae
ECDC	An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú
EDS	An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte
EEA	An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch
EMCDDA	An Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí
EU	An tAontas Eorpach
EUDA	Gníomhaireacht Drugaí na hEorpa
HBV	víreas heipitíteas B
HCV	víreas heipitíteas C
NA	Na Náisiúin Aontaithe
NSP	clár um malartú steallairí agus snáthaidí
OAT	teiripe le hagónaithe ópóideacha
PLHIV	daoine a bhfuil VEID orthu
PrEP	próifíolacsas réamhtheagmhála
PWIDanna	daoine a bhaineann mí-úsáid as drugaí trí instealladh
RDS	sampláil bunaithe ar an bhfreagróir
STI	ionfhabhtú gnéas-tarchurtha
SVR	freagairt víreolaíoch leanúnach
VEID	víreas easpa imdhíonachta daonna
VL	ualach víris

Réamhrá

Cúlra

Le húsáid drugaí méadaítear an riosca a bhaineann le hionfhabhtuithe VEID, víreas heipitíteas B (HBV) agus víreas heipitíteas C (HCV), agus de bharr galair thógálacha a bhaineann le drugaí (DRIDanna) cuirtear le galracht agus le mortlaíocht ard i measc daoine a bhaineann mí-úsáid as drugaí trí instealladh (PWIDanna) (Degenhardt et al., 2016; 2017; 2023). Thairis sin, i roinnt mhaith tíortha, tá cumhdach neamhleor ar sheirbhísí laghdaithe díobhála agus ar bhacainní struchtúracha atá ann cheana fós ag cur teorainn le rochtain ar chúram sláinte do PWIDanna, rud a chuireann le tionchar díréireach a bheith i gceist le VEID agus heipitíteas víreasach ar an bpríomhphobal sin (EMCDDA, 2021; WHO, 2022).

Déanann Gníomhaireacht Drugaí an Aontais Eorpaigh (EUDA) ⁽¹⁾ faireachán ar dhíobhála a bhaineann le drugaí, lena n-áirítear DRIDanna agus bearta coisctheacha do PWIDanna, san Aontas Eorpach (AE). I gcomhthéacs deireadh a chur leis an eipidéim VEID-SEIF agus deireadh a chur le heipitíteas víreasach mar bhagairt ar an tsláinte phoiblí, is díol spéise iad croítháscairí eipidéimeolaíocha a bhailítear ó PWIDanna chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn. Ina theannta sin, tá sé ríthábhachtach faireachán a dhéanamh ar phríomh-idirghabhálacha chun bearnaí agus réimsí ina bhfuil gá le hiarrachtaí treisithe a shainaithint d'fhonn dul chun cinn a dhéanamh i dtreo na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaineann le VEID agus heipitíteas víreasach.

An dóigh leis an bprótacal teicniúil seo a úsáid

Leagtar amach sa phrótacal teicniúil seo na príomhchéimeanna agus na príomhbhreithnithe atá le déanamh agus cinneadh á dhéanamh maidir le suirbhé a chur ar bun d'fhonn faireachán a dhéanamh ar DRIDanna, fachtóirí riosca gaolmhara agus idirghabhálacha coisctheacha i measc PWIDanna, maille le conas é sin a dhéanamh. Beidh an cur chuige suirbhé is oiriúnaí ag brath ar an gcomhthéacs sonrach, ar na riachtanais shonracha agus ar na bearnaí sonraí i dtír nó i suíomh ar leith. Dá bhrí sin, tá roghanna éagsúla, chomh maith leis na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann leo, liostaithe i ngach ceann de na rannáin den phrótacal seo. Ina theannta sin, áirítear samplaí dea-chleachtais ó thíortha Eorpacha chun feidhmiú mar shamplaí praiticiúla de na céimeanna éagsúla suirbhé. I ngach ceann de na rannáin, tá naisc le fáil sna boscaí *tuilleadh léitheoireachta* chuig doiciméid, prótacail agus litríocht ábhartha, má bhíonn gá le faisnéis níos mionsonraithe ag teastáil.

Nuashonrú agus scaipeadh an phrótacail theicniúil

Tá an prótacal seo bunaithe ar shraith uirlisí maidir le DRIDanna (EMCDDA, 2013). Tugadh cothrom le dáta é trí shintéis de mhodheolaíochtaí fianaise-bhunaithe, agus mar chuid d'iarracht chomhoibrioch a raibh baint ag EUDA, mar aon le hionchur ó bheirt chomhairleoirí agus grúpa saineolaithe Eorpacha a bhfuil saineolas acu ar eipidéimeolaíocht agus a bhfuil staidéir bhreathnóireachta tugtha chun críche acu i measc PWIDanna. Beidh an prótacal seo ar fáil ar shuíomh gréasáin EUDA, agus roinnfear é le líonra DRIDanna chun críche a scaipthe níos leithne. Ach samplaí nua dea-chleachtais suirbhé a chur san áireamh, beidh an

(1) Rinneadh Gníomhaireacht Drugaí an Aontais Eorpaigh den Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí i mí Iúil 2024.

prótacal seo ina dhoiciméad beo, lena n-áiríteofar go n-áireofar na modhanna is nuaí ó shuirbhéanna in AE/i LEE. Tabharfar an prótacal teicniúil seo cothrom le dáta de réir mar is gá chun athruithe ar an mbonn fianaise, ar na modhanna agus ar na hidirghabhálacha atá ar fáil a léiriú.

Aidhm agus cuspóirí an phrótacail theicniúil

Is é príomhaidhm an phrótacail seo cabhrú le Ballstáit AE/LEE suirbhéanna a phleanáil agus a fhorbairt chun faireachán caighdeánaithe a dhéanamh ar leitheadúlacht DRIDanna i measc PWIDanna, chomh maith le fachtóirí riosca agus idirghabhálacha coisctheacha, ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach nó tíre.

Céimeanna maidir le suirbhé a phleanáil agus a chur chun feidhme

Ag brath ar chuspóirí an tsuirbhé, an pobal staidéir, agus modhanna samplála agus earcaíochta, beidh difríocht ann idir na céimeanna atá le glacadh agus suirbhé á chur i gcrích. Is é an comhthéacs agus na riachtanais i dtír nó i suíomh ar leith a chinnefidh cén cur chuige is oiriúnaí. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara freisin go mbeidh an fhéidearthacht a bhaineann leis na moltaí nó na samplaí dea-chleachtais a chur chun feidhme ag brath ar an gcomhthéacs.

Pointí le cur san áireamh agus suirbhé á phleanáil

Agus suirbhé ar PWIDanna á phleanáil, tá roinnt pointí tosaigh le breithniú a fhéadfaidh a shainiú freisin cé na modhanna deartha staidéir, samplála agus earcaíochta is oiriúnaí.

Measúnú a dhéanamh ar an bhfianaise agus ar na riachtanais atá ar fáil don suirbhé

Is gá athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfaisnéis atá ar fáil chun cinneadh a dhéanamh maidir le fócas agus cuspóirí an tsuirbhé. I measc na bhfoinsí féideartha faisnéise tá tuarascálacha faireachais (lena n-áirítear tuarascálacha ón Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC), ó EUDA agus ó EDS), agus foilseacháin eile a bhfuil teacht orthu ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil. Thairis sin, ba cheart breithniú a dhéanamh ar an ngá atá le DRIDanna a thuairisciú do EUDA ⁽²⁾ chomh maith leis na bearnaí is féidir a líonadh trí bhíthin bailiú sonraí sa suirbhé.

Cuspóirí soiléire a shainiú don suirbhé

Ag brath ar riachtanais sláinte poiblí, chomh maith le bearnaí taighde agus faisnéis atá in easnamh maidir le gníomhaíocht sláinte poiblí agus tuairisciú do EUDA, ba cheart na cuspóirí agus na ceistanna taighde a shainiú go soiléir. Tagann an méid sin le sainiú a dhéanamh ar na torthaí a mbaileofar agus a ndéanfar anailís ar shonraí ina leith, agus ar an bpobal staidéir, cuir i gcás, PWIDanna atá ag fáil teiripe le haghónaithe ópóideacha (OAT) a fháil nó atá ag baint feidhm as seirbhísí eile laghdaithe díobhála.

⁽²⁾ Tá na táscairí atá le tuairisciú do EUDA le fáil i dTábla 13.

I measc samplaí de na cuspóirí le haghaidh suirbhé i measc PWIDanna d'fhoill sonraí maidir le DRIDanna a bhailiú tá:

- meastachán a dhéanamh ar leitheadúlacht DRIDanna i measc PWIDanna;
- príomhfachtóirí riosca agus iompraíochtaí coisctheacha a shainaithint i measc PWIDanna;
- measúnú a dhéanamh ar an rochtain ar thástáil agus ar chóireáil DRIDanna;
- sonraí a bhailiú maidir leis na príomhtháscairí le haghaidh tuairisciú náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Comhpháirtithe agus geallsealbhóirí féideartha a shainaithint

Tá sé tábhachtach comhpháirtíochtaí a thógáil agus a áirithiú go gclúdófar riachtanais na bpríomhpháirtithe leasmhara sa suirbhé, go háirithe an spriocphobal. I measc gnéithe den rannpháirtíocht agus de chuimsiú páirtithe leasmhara agus comhpháirtithe tá ionchur agus saineolas ó thaobh phleanáil an tsuirbhé agus tuairisciú torthaí de. Ag brath ar an tír agus ar an gcomhthéacs áitiúil, féadfaidh na geallsealbhóirí agus na comhpháirtithe is oiriúnaí a bheith difriúil óna chéile. I dTábla 1, liostaítear comhpháirtithe féideartha mar aon lena smaointe maidir lena ról agus a n-ionchur.

Tábla 1: Comhpháirtithe agus geallsealbhóirí féideartha

Comhpháirtithe féideartha	Smaointe maidir lena ról agus a n-ionchur
Gníomhaireachtaí rialtais	Múscailt feasachta, ionchur beartais agus scaipeadh torthaí an tsuirbhé
Eagraíochtaí neamhrialtasacha	Múscailt feasachta agus ionchur beartais, sampláil, earcaíocht, láithreán staidéir agus scaipeadh torthaí an tsuirbhé
Seirbhísí ísealtairisí	Múscailt feasachta, sampláil, earcaíocht, láithreán staidéir agus scaipeadh torthaí an tsuirbhé
Piaráí ón spriocphobal (PWIDanna)	Múscailt feasachta, sampláil, earcaíocht agus scaipeadh torthaí an tsuirbhé
Láithreáin chliniciúla nó leighis (e.g. láithreáin OAT)	Múscailt feasachta, sampláil, earcaíocht, láithreán staidéir agus tarchur chuig cúram (cóireáil)
Ollscoileanna agus eagraíochtaí/institiúidí taighde	Múscailt feasachta, earcaíocht, tacaíocht mhodheolaíoch agus ó thaobh an dréachtaithe de, chomh maith le scaipeadh torthaí an tsuirbhé

An staidéar a chur i gcrích – ó shainmhíniú an phobail staidéir go tuairisciú na dtorthaí

Sna rannáin seo a leanas, déantar cur síos ar na céimeanna a bhaineann le suirbhé a phleanáil agus a chur chun feidhme, mar atá léirithe i bhFíor 1. Rud atá tábhachtach, ní mór an coincheap *sonraí chun gnímh* a leabú i ngach céim den phróiseas; idir phleanáil, chur chun feidhme agus thuairisciú na dtorthaí.

Fíor 1: Céimeanna maidir le staidéar a phleanáil agus a chur i gcrích

Study design	Cross-sectional	Repeated cross-sectional	Cohort	Diagnostic/routine tests
Study population	People who have injected drugs in the last 30 days		People who have injected drugs in the last 12 months	
	People who have ever injected drugs			
Sampling frame (1)	Registries, e.g. at low-threshold services			
Sampling methods	Probability-based		Non-probability-based	
	Simple random	Systematic	Simple snowball	Convenience
	Time-location	RDS (2)	Community-based outreach	
Sample size calculation (Schaeffer et al., 1990)	Will depend on different factors, e.g. expected prevalence and study design			
Study sites	Low-threshold services	Other	Drug treatment centres	
Recruitment	Outreach (preferably peer-to-peer)		Low-threshold services (preferably peer-to-peer)	
Specimen collection	Dried blood spots from capillary blood	Serum from venous blood	Capillary blood	Oral fluid
Laboratory testing	Central laboratory		Point of care	
Additional data collection	Demographics spots	Testing and treatment experience of DRID		
	Risk factors	Preventive behaviour (access to harm reduction services, e.g. OAT, NSP, naloxone), HBV vaccination, HIV-PrEP		
Data protection	Data collection tool (questionnaire, online, paper-based, phone)		Transfer of data (encryption)	Access to and storage of data
Ethical considerations	Ethical board approval			
Data analysis	Descriptive analysis of participants (time, place, person)		Measures of disease occurrence (incidence (incidence rate), prevalence)	
	Measures for association between disease and exposure (e.g. risk factors)			
Dissemination of results	Communication channel: online (social media), website, newsletter			
	Format: scientific manuscript/presentation, report, policy brief			

Study design	Dearadh staidéir
Cross-sectional	Trasghearrthach
Repeated cross-sectional	Trasghearrthach leantach
Cohort	Cohórt
Diagnostic/routine tests	Tástálacha diagnóiseacha/gnáthaimh

Prótacal teicniúil i dtaca le galair thógálacha a bhaineann le drugaí (DRIDanna): suirbhéanna maidir le VEID agus heiptíteas víreasach ar dhaoine a bhaineann mí-úsáid as drugaí trí instealladh

Study population People who have injected drugs in the last 30 days People who have injected drugs in the last 12 months People who have ever injected drugs	Pobal staidéir Daoine ag a bhfuil mí-úsáid bainte acu as drugaí trí instealladh le 30 lá anuas Daoine ag a bhfuil mí-úsáid bainte acu as drugaí trí instealladh le 12 lá anuas Daoine ag a bhfuil mí-úsáid bainte acu as drugaí trí instealladh riamh
Sampling frame ⁽¹⁾ Registries, e.g. at low-threshold services	Fráma samplála ⁽¹⁾ Clárlanna, e.g. ag seirbhísí ísealtairsí
Sampling methods Probability-based Non-probability-based Community-based outreach Convenience Simple snowball Systematic Simple random RDS (2) Time-location	Modhanna samplála Sampláil bunaithe ar dhóchúlacht Sampláil bunaithe ar neamhdhóchúlacht Sampláil for-rochtana pobalbhunaithe Áis-sampláil Sampláil charnach shimplí Sampláil chórasach Sampláil randamach shimplí RDS ⁽²⁾ Sampláil ama-suímh
Sample size calculation (Schaeffer et al., 1990) Will depend on different factors, e.g. expected prevalence and study design	An samplamhéid a ríomh (Schaeffer et al., 1990) Beidh sé ag brath ar thosca éagsúla, e.g. an leitheadúlacht a bhfuiltear ag súil léi agus dearadh staidéir
Study sites Low-threshold services Other Drug treatment centres	Láithreáin staidéir Seirbhísí ísealtairsí Eile Ionaid cóireála drugaí
Recruitment Outreach (preferably peer-to-peer) Low-threshold services (preferably peer-to-peer)	Earcaíocht For-rochtain (idir píaí más féidir) Seirbhísí ísealtairsí (idir píaí más féidir)
Specimen collection Dried blood spots from capillary blood Serum from venous blood Capillary blood Oral fluid	Bailiú eiseamail Spotaí fola triomaithe d'fhuil ribeach Séiream ó fhuil fhéitheach Fuil ribeadáin Sreabhán béil
Laboratory testing Central laboratory Point of care	Tástáil saotharlainne Saotharlann lárnach Pointe cúraim
Additional data collection Demographics spots Testing and treatment experience of DRID Risk factors Preventive behaviour (access to harm reduction services, e.g. OAT, NSP, naloxone), HBV vaccination, HIV-PrEP	Bailiú sonraí breise Pointí déimeagrafaíochta Taithí ar thástáil agus cóireáil DRIDanna Tosca riosca Iompraíocht choisctheach (rochtain ar sheirbhísí laghdaithe díobhála, e.g. OAT, NSP, naloxone), vacsaíniú HBV, VEID-PrEP
Data protection Data collection tool (questionnaire, online, paper-based, phone) Transfer of data (encryption) Access to and storage of data	Cosaint sonraí Uirlis bailithe sonraí (ceistneoir, ar líne, páipéarbhunaithe, guthán) Aistriú sonraí (criptiú) Rochtain ar shonraí agus stóráil sonraí
Ethical considerations Ethical board approval	Breithnithe eiticiúla Formheas ón mBord Eitice
Data analysis Descriptive analysis of participants (time, place, person) Measures of disease occurrence (incidence (incidence rate), prevalence) Measures for association between disease and exposure (e.g. risk factors)	Anailís sonraí Anailís thuairisciúil ar rannpháirtithe (am, áit, duine) Bearta maidir le láithreacht galair (minicíocht [ráta minicíochta], leitheadúlacht) Bearta maidir le gaol idir galar agus nochtadh (e.g. fachtóirí riosca)
Dissemination of results Communication channel: online (social media), website, newsletter Format: scientific manuscript/presentation, report, policy brief	Scaipeadh torthaí Cainéal cumarsáide: ar líne (na meáin shóisialta), suíomh gréasáin, nuachtlitr Formáid: lámhscríbhinn/cur i láthair eolaíoch, tuarascáil, achoimre bheartais

⁽¹⁾ Is minic nach mbíonn frámaí samplála (liosta lena n-áirítear an spriocphobal iomlán; féach tuilleadh faoi Modhanna samplála agus earcaíochta) ar fáil do PWIDanna.

⁽²⁾ Tá RDS bunaithe ar shampláil neamhdhóchúlachta ach is féidir meastacháin atá bunaithe ar dhóchúlacht a dhíorthú uaidh.

Dearaí staidéir

Tá dearaí éagsúla staidéir ar fáil, agus beidh an dearadh is oiriúnaí ag brath ar aidhm agus ar chuspóirí an tsuirbhé. Beidh sé ag brath freisin ar na hacmhainní atá ar fáil (cuir i gcás am agus pearsanra), ar na struchtúir agus ar an gcomhar le haghaidh earcaíochta atá ann cheana, agus ar shuíomhanna staidéir. Cuirtear i láthair i [dTábla 2](#) na roghanna éagsúla maidir le dearadh staidéir, na táscairí is féidir a bhailiú, agus na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le dearaí staidéir éagsúla.

Is minic a thagraítear don chomhcheangal d'fhoinsí sonraí – cé acu sonraí suirbhé nó sonraí riaracháin, nó sonraí atá bunaithe go hiomlán ar shonraí riaracháin – mar nascáil taifid (McLeod et al., 2021; Yeung et al., 2022). Cé nach dearadh staidéir ann féin é sin, is cur chuige atá ag éirí níos cost-éifeachtaí é, agus ar féidir a ionchorprú in aon dearadh staidéir. Is éard atá i gceist leis an gcur chuige sin taifid sonraí ó fhoinsí éagsúla sonraí a nascadh trí úsáid a bhaint as aitheantóir uathúil sonraí. Ach an cur chuige sin a leanúint is féidir leitheadúlacht a mheas, agus fachtóirí riosca agus coiscitheacha a thuairisciú (má tá na sonraí ar fáil). Is é an dúshlán a ghabhann leis an gcur chuige seo ná rochtain shlán ar bhunachair shonraí a d'fhéadfadh gan bheith go díreach faoi smacht na foirne staidéir a bheith ag teastáil. Mura bhfuil aon mhaoiniú le haghaidh suirbhé níos cuimsithí, is rogha mhaith é d'fhonn inbhuanaitheacht a áirithiú le haghaidh faireachán leanúnach.

Tábla 2: Dearaí staidéir le haghaidh suirbhéanna ar PWIDanna

Dearadh staidéir	Tuairisc	Táscairí	Nótaí tráchtá (costais, indéantacht)	Buntáistí	Mibhuntaistí	Dea-chleachtais/sa mplaí
Staidéar trasghearrthach	Staidéar breathnóireachta ina ndéantar an galar agus athróga spéise eile a thomhas ag pointe amháin ama.	Leitheadúlacht, riosca agus fachtóirí cosanta (cóimheas corrlach [OR]).	Is féidir é a chur ar bun gan ach beagán acmhainní a bheith ar fáil.	Níl sé daor, agus déantar tomhais ag pointe amháin ama.	Léargas ar an staid reatha, gan aon chomhpháirt ama ná faisnéis ar ord na n-imeachtaí. Tá an baol ann go ndéanfar ró-ionadaíocht ar dhaoine a luaitear leo tréimhse fhada de bheith ag maireachtáil le DRID nó d'úsáid drugaí infhéitheacha (IDU), agus go ndéanfar tearcionadaíocht orthu siúd nach luaitear leo ach tréimhse ghearr de bheith i mbun ceachtar acu sin.	An Ghearmáin: DRUCK 1, DRUCK 2.0
Staidéar trasghearrthach leantach	Mar an gcéanna le staidéar trasghearrthach ach le tomhais athdhéanta ag níos mó ná pointe ama amháin má bhunaítear iad le modhanna inchomparáide. Ní hionann é agus staidéar cohóirt toisc nach gá go mbeadh na rannpháirtithe céanna páirteach ann.	Minicíocht, leitheadúlacht, fachtóirí riosca agus iompraíocht choisctheach (OR, riosca coibhneasta (RR)).	Is féidir é a chur ar bun gan ach beagán acmhainní a bheith ar fáil.	Ceadaítear leis treochtaí a aimsiú (de réir tomhais athdhéanta) agus, dá bhrí sin, áirítear ann an chomhpháirt ama.	Ní mór córas a eagrú chun a áirithiú gur féidir daoine a ghlacann páirt níos mó ná uair amháin a shainaitheint, e.g. trí aitheantóir uathúil sonraí.	An Ghréig: ARISTOTLE, ARISTOTLE HCV-HIV, ALEXANDROS Albain: Needle Exchange Surveillance Initiative [Tionscnamh um Fhaireachas Malartaithe Snáthaidí] (NESI)

Dearadh staidéir	Tuairisc	Táscairí	Nótaí tráchtta (costais, indéantacht)	Buntáistí	Míbhuntáistí	Dea-chleachtais/sa mplaí
Staidéar cohóirt	Staidéar breathnóireachta ina leantar cohórt le himeacht ama.	Minicíocht, leitheadúlacht, fachtóirí riosca agus iompraíocht choisctheach (RR).	De ghnáth, bíonn sé níos costasaí ná suirbhéanna trasghearrthacha ós rud é go ndéantar an cohórt a leanúint leis an aimsir.	Is féidir sonraí leanúntais cúraim a bhailiú, agus áirítear ann an chomhpháirt ama.	Níos déine ó thaobh acmhainní (airgeadais agus pearsanra/ama) de. Is gá freisin rannpháirtíocht leanúnach sa chohórt a áirithiú agus an ráta fágála a íoslaghdú.	An tSualainn: Cúram HCV le clinic de chlár snáthaidí agus steallairí (NSP) i Stócólm (bunaithe ar chlárhlann, staidéar cohóirt oscailte).
Gnáththástáil dhiagnóiseach	Tástálacha breathnóireachta, gnáth-thástálacha diagnóiseacha a dhéantar i suíomhanna cliniciúla, OAT, i bpríosúin nó i suíomhanna tairisí ísle.	Ráta dearfachta mar ionadach do leitheadúlacht.	Níl sé an-chostasach agus bíonn sonraí ar fáil go furasta. Má tá acmhainní ar fáil le haghaidh aon cheann de na modhanna eile, ní mholtar gnáth-thástáil dhiagnóiseach chun leitheadúlacht a mheas. D'fhonn go measfar gur modh meastacháin bailí féideartha maidir le leitheadúlacht é, áirítear na nithe seo a leanas ar na híoscheanglais: (1) dúblaigh a shainaithint/a bhaint; (2) tuairisc ar an bpobal foinseach (Cé orthu a ndéantar tástáil? Cén fáth?).	Mura bhfuil aon mhaoiniú ar fáil do shuirbhé níos mó, is rogha maith é. D'fhéadfadh sé a bheith ní b'fhusa inbhuanaitheacht a áirithiú má bhunaítear faireachán leanúnach trí úsáid a bhaint as na sonraí sin. Go hidéalach, is féidir tástálacha diagnóiseacha ó ghnáthshonraí tástála a nascadh le cóireáil agus le sonraí riaracháin eile.	Is ionann é agus fophobal áirithe a fhreastalaíonn ar na suíomhanna seo, a d'fhéadfadh a bheith i mbaol ní b'íse nó ní b'airde de DRIDanna, ag brath ar sheirbhísí. Ós rud é nach bhfuil an cur chuige sin bunaithe ar aon straitéis samplála, tá ardriosca ann freisin go mbeidh claontacht roghnúcháin ag brath ar an gcumhdach tástála ar PWIDanna sna socruithe faoi seach, chomh maith le dúblaigh. Ós rud é go n-úsáidfear na sonraí atá ar fáil cheana féin, is beag smacht atá ann ar bhailiú sonraí, lena n-áirítear aon táscairí breise atá le bailiú trí, e.g. ceistneoir.	An tSualainn: Cúram HCV le clinic de chlár snáthaidí agus steallairí (NSP) i Stócólm.

An pobal staidéir a shainiú

Is fophobal de spriocphobal an tsuirbhé é an pobal staidéir. Agus an pobal staidéir á roghnú agus á shainiú, tá sé tábhachtach dul ar ais chuig na cuspóirí agus machnamh a dhéanamh ar cad dó ba cheart na torthaí a úsáid agus cén spriocphobal a bhfuiltear ag súil le tuairisciú air. I gcomhthéacs HBV, HCV agus VEID is iad siúd a bhfuil an riosca is airde ag gabháil leo ná daoine a bhfuil stair níos déanaí acu maidir le mí-úsáid drugaí trí instealladh, is é sin, iad siúd a thuairiscíonn mí-úsáid drugaí trí instealladh le 30 lá nó le 12 mhí anuas.

Chun críche faireachán a dhéanamh ar an leibhéal Eorpach, úsáideann EUDA an sainmhíniú seo a leanas le haghaidh PWIDanna: daoine a bhfuil mí-úsáid bainte acu trí instealladh as aon substaint shícighníomhach nó aon substaintí sícighníomhacha nach bhfuil de réir oideas leighis ⁽³⁾ le 12 mhí anuas.

Tá roghanna éagsúla ann, áfach, agus má tá suirbhé nó staidéar ag imeacht cheana féin, nó má tá sé curtha ar bun, d'fhéadfadh sé a bheith deacair an sainmhíniú a athrú. I dTábla 3 liostaítear roinnt roghanna atá le cur san áireamh.

Cé go ndíríonn formhór na suirbhéanna agus na staidéar faireachais ar dhaoine a bhfuil drugaí insteallta acu le 12 mhí anuas, nó ar dhaoine a bhfuil drugaí insteallta acu riamh, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le sainmhíniú an phobail staidéir a athrú mar gheall ar riachtanais agus comhthéacs áitiúil. Is féidir díriú ar fhophobail áirithe agus critéir chuimsithe nó eisiaimh a chur leis d'fhonn an pobal staidéir a chúngú. D'fhéadfadh tionchar a bheith i gceist le socrú na hearcaíochta freisin ar an bhfophobal ar leith a ndéantar teagmháil leis. Mar shampla, má dhéantar earcaíocht i suíomhanna sonracha, amhail seirbhísí OAT nó seirbhísí eile chun díobháil a laghdú, d'fhéadfadh sé go mbeadh difríocht idir úsáid drugaí agus patrúin riosca an phobail a bheadh san áireamh dá réir.

Tábla 3: Sainmhíniú ar an bpobal staidéir

Sainmhíniú	Nótaí
Táscaire molta	
Daoine a bhfuil drugaí insteallta acu le 12 mhí anuas (PWIDanna le déanaí)	Áirítear leis an sainmhíniú sin iad siúd a bhfuil drugaí insteallta acu le déanaí, agus comhfhreagraíonn sé do shainmhíniú EUDA, is é sin le rá iad siúd atá i mbaol níos airde d'ionfhabhtuithe nua i gcomparáid le daoine a bhfuil drugaí insteallta acu riamh, mar shampla. Anuas air sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh aois airmheáin ní b'ísle i gceist leo ná mar i gcás daoine a bhfuil drugaí insteallta acu riamh. Tabhair faoi deara go n-áirítear daoine a bhfuil drugaí insteallta acu le 30 lá anuas sa ghrúpa sin.
Roghanna eile	
Daoine a bhfuil drugaí insteallta acu ag pointe éigin le linn a saoil (daoine a bhfuil drugaí insteallta acu riamh).	Leis an sainmhíniú sin cumhdaítear gach duine a bhfuil drugaí insteallta acu riamh, agus is dócha go n-áireofar leis freisin foghrúpa a bhfuil meánaois níos airde agus riosca níos ísle DRID i gceist leo, agus ar féidir gan bheith i mbaol a níos mó DRID a thuilleadh. Ina theannta sin, d'fhéadfadh go n-áireofaí sa ghrúpa seo cion ní b'airde daoine a bhfuil VEID (PLHIV) orthu. Tabhair do d'aire

⁽³⁾ Mar shampla, ní áirítear leo othair a bhfuil cógais á n-instealladh go sábháilte acu bunaithe ar oideas leighis.

Sainmhíniú	Nótaí
	go bhfuil daoine a bhfuil drugaí insteallta acu le 12 mhí anuas agus le 30 lá anuas san áireamh sa ghrúpa sin.
Daoine a bhfuil drugaí insteallta acu le 30 lá anuas (PWIDanna reatha)	Áireofar leis an sainmhíniú sin iad siúd atá ag instealladh drugaí faoi láthair, maille leo siúd a bhfuil ardriosca de sin ag baint leo faoi láthair. Is foghrúpa tábhachtach é sin le haghaidh ceisteanna sonracha maidir le hiompraíochtaí riosca nó coisc atá ann faoi láthair.

D'fhéadfadh sé go mbeadh gá freisin leis an sainmhíniú ar an bpobal staidéir a leathnú amach i gcás go ndéantar ionadaíocht as cuimse ar phobal ar leith i limistéar nó i láithreán staidéir ar leith. D'fhéadfadh sé go mbeadh spéis ag daoine i roinnt suíomhanna freisin i srathú de réir úsáid substaintí áirithe, beag beann ar an modh tarchurtha (e.g. úsáideoirí cnagchócaoin nó úsáideoirí ópóideach nach mbíonn á n-instealladh).

Le srathú sonraí is féidir forléargas a thabhairt ar an staid i measc fophobail spéise; cuir i gcás iad siúd atá faoi bhun 18 nó 25 bliana d'aois, iad siúd ag a bhfuil cúlra imirce nó a bhí gan tráth gan dídean, nó de réir suíomhanna geografacha áirithe (nó limistéir uirbeacha i gcomparáid le limistéir thuaithe).

Láithreáin samplála, earcaíochta agus staidéir

I gcás suirbhéanna a dhíríonn ar PWIDanna, is minic a bhíonn forluí idir na suíomhanna samplála, earcaíochta agus staidéir. Is amhlaidh atá sé toisc nach mbíonn fráma samplála ar fáil ina fhoirm is glaine de ghnáth, i.e. mar liosta ónar féidir sampla a tharraingt. Sna rannáin thíos, déantar cur síos ar na céimeanna sin le samplaí agus moltaí maidir le conas an tsampláil agus an earcaíocht a phleanáil agus a thabhairt i gcrích, chomh maith leis na suíomhanna staidéir a bheadh oiriúnach do shuirbhéanna ar PWIDanna.

Ríomh an tsamplamhéid

Cuimsítear i ríomh an tsamplamhéid na ceanglais a bhaineann le beachtas staidrimh i bpleanáil na samplála. Tá gá le paraiméadair réamhshocraithe éagsúla chuige sin, agus is iondúil go léirítear leo toimhdí sochreidte maidir le fíorstaid an bhunphobail. Bíonn tionchar ag na réamhshocruithe seo ar an tsamplamhéid agus ar bheachtas na meastachán.

Más é cuspóir an tsuirbhé é leitheadúlacht a thomhas, bíonn gá le leitheadúlacht a mheastar roimh ré d'fhonn an tsamplamhéid a ríomh, maille le paraiméadair eile. Mar sin féin, is minic a bhítear ag díriú ar níos mó ná galar amháin le tsuirbhé ar leith, agus bíonn éagsúlacht ann go ginearálta maidir le leitheadúlacht a bhfuiltear ag súil leo na ngalar éagsúil. Mar shampla, má fhéachann tú ar leitheadúlacht HCV go heisiach, is féidir leat an leitheadúlacht HCV a bhfuiltear ag súil léi a chur san áireamh. Mar sin féin, má tá HBV, HCV agus VEID san áireamh i do shuirbhé ag an am céanna, d'fhéadfadh ríomh an tsamplamhéid a bheith ag brath ar leitheadúlacht ionchasach na dtrí ghalar ar fad. Is é an cur chuige a mholtar ná an tsamplamhéid is gá a ríomh do gach leitheadúlacht nó galar ar leith, agus ansin pleanáil bhreise an tsuirbhé a bhunú ar uasmhéid na dtrí mhéid samplach ríofa (ag brath ar na

hacmhainní atá ar fáil). Ar an iomlán, is é beachtas níos measa an toradh a bhíonn ar shamplamhéid níos lú a úsáid.

Braitheann an chaoi a ríomhtar an samplamhéid freisin ar phríomhchuspóir an staidéir. Más é an aidhm leitheadúlacht (cion simplí) a mheas, ba cheart an fhoirmle shamplamhéid seo a leanas a úsáid.

Cion simplí:

- an samplamhéid is gá n
- éifeacht an dearaidh (d_{eff}) (chun earráidí a bhaineann le sampláil a áireamh, beidh éifeacht dearaidh níos ísle i gceist le sampláil randamach shimplí (más sampla randamach é: 1, i gcás RDS, íosmhéid 2, 3 nó 4 más féidir))
- méid an phobail N
- an cion réamh-mheasta p
- $q = 1 - p$
- an dearbh-bheachtas nó an dearbh-leibhéal beachtais atá ag teastáil d

$$n = d_{\text{eff}} \times \frac{Npq}{\frac{d^2}{1.96^2} (N - 1) + pq}$$

D'fhonn garbhmheastachán agus tuiscint a fháil ar an samplamhéid is gá le haghaidh pleanáil bhreise a dhéanamh don suirbhé, is féidir an 'OpenEpi' foinse oscailte a úsáid. Is féidir an samplamhéid a ríomh freisin ach úsáid a bhaint as bogearraí staidrimh. Tá an t-ordú/an cód le haghaidh STATA agus R liostaithe i dTábla 4.

Tábla 4: Foirmlí ríofa shamplamhéid

Ordú STATA	Cód R
Comhréir i gcumhacht a haon .009.018, p(.8) (más ionann an leitheadúlacht a bhfuiltear ag súil léi agus 0.9 %, is ionann an CI uachtarach agus 1.8 %, agus is ionann an chumhacht agus 80 %) ⁽¹⁾	riachtanach <- feidhm(N=Inf, p=0.05, d=0.01, alpha=0.05, deff=1){ q = 1-p z = qnorm(1-alpha/2) más (dheachúil.éigríochta.é(N)) n = deff * p*q/(d def2/z2) }eile{ n = deff * N*p*q/(d def2/z 2 2 * (N-1) + p*q) } toradh (uasteorainn(n)) }


⁽¹⁾ Níl áirítear leis an ordú STATA seo uimhir don phobal cúla, ach áirítear ann na toimhdí eile (agus é á rith sa chúla).

Agus an suirbhé á dhéanamh agus á phleanáil, ní mór a bheith cúramach nuair is beag méid an phobail. I gcásanna mar sin, d'fhéadfadh an beachtas a bheith ní b'íse. Ina theannta sin, má bheartaítear srathú, cuir i gcás idir rannpháirtithe fireanna agus baineanna, d'fhéadfadh an beachtas athrú. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin i measc PWIDanna toisc go mbíonn cion na bhfear díobh sin níos mó ná cion na mban go minic.

Modhanna samplála agus earcaíochta

Ar an iomlán, úsáidtear dhá phríomh-mhodh samplála i suirbhéanna: sampláil bunaithe ar dhóchúlacht agus sampláil bunaithe ar neamhdhóchúlacht. Maidir le sampláil atá bunaithe ar dhóchúlacht, ní mór dóchúlacht aitheanta a bheith ag gach ball den spriocphobal go roghnófar iad mar rannpháirtí staidéir. I measc na gcur chuige is coitianta maidir le sampláil bunaithe ar dhóchúlacht tá sampláil randamach shimplí, sampláil chórasach, sampláil srathaithe agus sampláil bhraisle. D'fhonn sampla bunaithe ar dhóchúlacht a ghiniúint, bíonn gá le fráma samplála, ar liosta é lena n-áirítear an spriocphobal iomlán as a dtarraingeofar an sampla (Fíor 2). Ní mór an fráma samplála a bheith dea-shainithe agus inrochtana chun an sampla a tharraingt.

Fíor 2: Spriocphobal agus fráma samplála i sampláil suirbhé



Target population

Overlap between the two populations

Sampling frame

Sample

Spriocphobal

Forluí idir an dá phobal

Fráma samplála

Sampla

Foinse: <http://www.theanalysisfactor.com/target-population-sampling-frame/>

I gcás suirbhéanna lena n-áirítear PWIDanna, ní bhíonn clárlann ina liostaítear an spriocphobal iomlán ar fáil de ghnáth, agus ní mór frámaí samplála malartacha a shainaithint. D'fhéadfadh sé gurb iad sin, mar shampla, na seirbhísí ísealtairsí trína dtugtar cuireadh do PWIDanna páirt a ghlacadh agus iad ag freastal ar na seirbhísí. Mar sin féin, má tá clárlann ar fáil sa tseirbhís ísealtairsí (nó in institiúidí eile), dhéanfaidh sí cúis mhaith mar fhráma samplála agus is féidir sampla randamach nó córasach a tharraingt ón gclárlann sin agus cuireadh a thabhairt do na daoine sin a bheith ina rannpháirtithe, agus é á choinneáil i gcuimhne nach ngintear na torthaí ach amháin dóibh siúd a bhaineann feidhm as an tseirbhís faoi seach seo.

Mar sin féin, cé gur grúpa éagsúil iad PWIDanna, tá tréithe áirithe acu a bhféadfadh sé a bheith deacair dá mbarr PWIDanna a shampláil agus a earcú chun páirt a ghlacadh i suirbhéanna. Áirítear orthu sin, mar shampla, easpa muiníne i gcórais agus i dtaighdeoirí a bhailíonn sonraí, chomh maith le fadhbanna maidir le cuimsiú (daoine nach gcuirtear san áireamh i staitisticí oifigiúla nó, b'fhéidir, atá gan dídean nó nach mbíonn sa bhaile go minic) (Collier et al., 2017; Léon et al., 2016). Dá bhrí sin, is minic a bhíonn modhanna malartacha samplála agus earcaíochta, atá bunaithe den chuid is mó ar sheirbhísí laghdaithe díobhála, lena n-áirítear for-rochtain agus trí shampláil agus earcaíocht idir piaraí, níos oiriúnaí do PWIDanna (Táblaí 5 agus 6).

Tábla 5: Modhanna samplála bunaithe ar dhóchúlacht

Modh samplála	Tuairisc	Buntáistí	Míbhuntáistí
Sampláil bunaithe ar sheirbhís, ar ionad	Is cur chuige pragmatach é seo ina n-úsáidtear seirbhísí do PWIDanna atá ann cheana amhail NSP, OAT agus ionaid eile, le haghaidh samplála. Bíonn rochtain ag PWIDanna orthu, agus luaitear clúdach ard leo. Leis an modh seo is féidir sampla bunaithe ar dhóchúlacht a chur ar fáil, má úsáidtear cur chuige córasach, cuir i gcás go gcuirtear gach 10ú cuairteoir san áireamh.	Tá sé simplí ó thaobh lóistíochta de toisc go n-úsáidtear struchtúir atá ann cheana mar chuid de. Is féidir é a dhéanamh ar chostas íseal, rud a chuidíonn le hinbhuanaitheacht a áirithiú.	D'fhéadfadh sé nach mbeadh an sampla ionadaíoch do phobal iomlán na PWIDanna, toisc go bhféadfadh sé go mbeadh na daoine atá ag freastal ar sheirbhísí éagsúil ó dhaoine nach mbíonn ag freastal orthu. Braitheann cibé acu a mheastar é a bheith ionadaíoch ar an gcaoi a sainítear an pobal staidéir (Láithreáin samplála, earcaíochta agus staidéir). Má bhíonn droch-chlúdach i gceist le seirbhísí agus le hionaid agus mura mbíonn glacadh maith leo, d'fhéadfadh an staidéar a bheith neamhéifeachtach. D'fhéadfadh sé a bheith dúshlánach neamhfhreagairt a thaifeadadh.
Sampláil ama-suimh	Tugtar sampláil ama spáis ar an gcur chuige seo freisin scaití, agus bíonn na prionsabail chéanna i gceist leis agus a bhíonn leis na modhanna thuas, seachas go sainítear é ar bhealach níos randamaí d'fhonn teacht ar dhaoine aonair in áiteanna agus ag amanna a mbíonn siad ag bailiú le chéile. Má dhéantar mapáil chríochnúil ar amanna/ar áiteanna chun feidhmiú mar fhráma samplála, is féidir sampla atá bunaithe ar dhóchúlacht a bhaint amach.	Má chomhlíontar toimhdí an mhodha seo, is é an modh is éifeachtaí é chun sampla bunaithe ar dhóchúlacht de PWIDanna a fháil ar féidir a bheith i láthair ag ionaid.	Tá baol claontachta ann mura n-áirítear láithreáin thábhachtacha, nó mura mbíonn fophobail ag gnáthú na láithreán, nó mar gheall ar leisce (dícháiliú mar gheall ar mheisce) páirt a ghlacadh agus iad i láthair ag ionaid. Deacrachtaí maidir le baill den spriocghrúpa a shainaithint nach mór dul i dteagmháil leo. Deacrachtaí maidir le hábhair sonraí a chur faoi agallamh, nó i dtaobh eiseamail bhiitheolaíocha a thástáil nó a bhailiú lasmuigh de láithreán staidéir; d'fhéadfaí ábhair inniú sábháilteachta a bheith ann. Is fachtóir nach mór a chur san áireamh í an aimsir fosta. Drogall faisnéis iogair a nochtadh i spásanna poiblí. De ghnáth, cailltear PWIDanna nach mbíonn ag bailiú ná ag bualadh le chéile go poiblí.
Sampláil bunaithe ar an bhfreagróir (RDS) ⁽¹⁾	Is modh modhnaithe earcaíochta slabhra é seo, cosúil le sampláil channach, ach tá sé bunaithe ar shraith toimhdí, agus úsáidtear dreasachtaí mar chuid di. Má chomhlíontar toimhdí, is modh samplála dóchúlach a bhíonn ann agus áiríteofar leis meastachán neamhchlaonta.	Dála rialaithe ag láithreán staidéir. Éifeachtach. Acmhainn chun an pobal is ceilte a bhaint amach agus rochtain níos doimhne a fháil ar an líonra trí bhithin síolta dea-líonraithe agus tiomnaithe. Ach babhtáir RDS athdhéanta a reáchtáil, d'fhéadfaí líon na rannpháirtithe a mhéadú. Is bealach é chun claontáir samplála líonra a cheartú, agus chun meastacháin neamhchlaonta ar shaintréithe an phobail a ghiniúint.	Costas níos airde (dreasachtaí, costais a bhaineann le húsáid na háite earcaíochta – má dhéantar iad ar shuíomh nua agus ní ar shuíomh atá ann cheana – dian ar bhaill foirne). Claonadh mar thoradh ar neamhchomhlíonadh toimhdí RDS. D'fhéadfadh sé go gcaillfí foghrúpaí dínasctha, agus ní mór don phobal atá á n-earcú a bheith nasctha go maith le chéile mar bhaill den spriocphobal. Éifeacht mhór dearaidh (2, 3 nó 4 ar a laghad, más féidir) as a dtiocfaidh samplamhéid níos mó.

⁽¹⁾ Tá RDS bunaithe ar shampláil neamhdhóchúlachta ach is féidir meastacháin atá bunaithe ar dhóchúlacht a dhíorthú uaidh.

Tábla 6: Modhanna samplála atá bunaithe ar neamhdhóchúlacht

Modh samplála	Tuairisc	Buntáistí	Míbhuntáistí
Sampláil charnach	Is modh samplála neamhdhóchúlachta é seo lena n-iarrtar ar PWIDanna a ghlacann páirt sa suirbhé tuilleadh rannpháirtithe a shampláil agus a earcú trína líonra. Níl sé an-stiigmataithe.	Éifeachtach. Is féidir fophobail cheilte a shroicheadh in éagmais stiogma.	Tá an baol ann go mbeidh claonadh roghnúcháin i gceist leis (braitheann earcaíocht ar líonraí pearsanta na bpiaraí as a n-eascaíonn ró-ionadaíocht nó tearcionadaíocht grúpaí nó saintréithe áirithe sa sampla). Déanfar ró-ionadaíocht ar dhaoine aonair ar mó an seans go nglacfaidh siad páirt ann agus atá toilteanach páirt a ghlacadh ann.
Sampláil for-rochtana pobalbhunaithe (sampláil áise)	Is modh nach bhfuil bunaithe ar dhóchúlacht atá sa cheann seo, ach is bealach maith é chun an spriocphobal a shampláil má bhaintear úsáid as sampláil/as earcaíocht idir piraí.	Leis an gcur chuige seo, is féidir teagmháil a dhéanamh leis an ngrúpa PWIDanna atá níos ceilte. Is féidir díriú ar ghrúpaí imeallaithe sonracha (níos mó ná trí shampláil charnach).	Is cur chuige samplála nach bhfuil bunaithe ar dhóchúlacht é seo agus tá baol ann go mbeidh claontacht roghnúcháin ann nach féidir a mheas ná a choigeartú san anailís. Ní féidir neamhfhreagairt a thaifeadadh.

Beidh an straitéis samplála agus earcaíochta is inghlactha ag brath ar an spriocphobal, ar an gcomhthéacs foriomlán, agus ar an tír nó ar an gcathair ina ndéantar an suirbhé. Le linn na céime seo, beidh ionchur ó pháirtithe leasmhara áitiúla agus ó ionadaithe ón spriocphobal maidir le cá háit agus conas an spriocphobal a shampláil agus a earcú an-úsáideach. Bealach amháin chun an fhaisnéis sin a bhailiú sula gcuirtear tús leis an suirbhé is ea taighde foirmitheach a dhéanamh, lena n-áirítear plé fócasghrúpa agus agallaimh.



Sampla dea-chleachtais: Sampláil bunaithe ar an bhfreagróir i roinnt babhtaí iolracha, an Ghréig

Agus sampláil bunaithe ar an bhfreagróir á cur i gcrích i roinnt babhtaí iolracha cumasaítear tumadh níos doimhne isteach sa líonra, agus treisítear léi rollú freisin chun cion níos mó den spriocphobal a shroicheadh. Chomh maith leis sin, is féidir dá barr measúnú a dhéanamh ar athruithe nó ar threochtaí le himeacht ama, meastachán ar mhinicíocht, agus éascaítear léi nasc le cúram VEID/HCV (léigh an tuairisc iomlán ón nGréig [anseo](#)).

Tuilleadh léitheoireachta



Schaeffer, R., Mendenhall, W. agus Ott, L. *Elementary survey sampling, fourth edition* [Sampláil bhunsuirbhé, an ceathrú heagrán], Belmont, California (1990).

An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte. Oifig Réigiúnach na Meánmhara Thoir, [Introduction to HIV/AIDS and sexually transmitted surveillance. Module 4: Introduction to respondent-driven sampling](#) [Réamheolas maidir le VEID/SEIF agus faireachas gnéas-tarchuir. Modúl 4: Réamheolas maidir le sampláil bunaithe ar an bhfreagróir] (2013).

Spreagadh chun rannpháirtíochta

D'fhéadfadh dreasachtaí a bheith úsáideach chun spreagadh chun bheith rannpháirteach a mhéadú. D'fhéadfadh íocaíocht in airgead tirim, dearbháin, bronnánais bheaga agus cumhdach costas taistil a bheith san áireamh le dreasachtaí ábhartha. Trí thorthaí na tástála saotharlainne agus tarchur chuig cúram cliniúil a chur ar fáil do rannpháirtithe, d'fhéadfaí daoine a spreagadh chun bheith rannpháirteach freisin. Maidir le sampláil charnach, is féidir dreasacht a chur ar fáil in aghaidh an rannpháirtí earcaithe. Le sampláil bunaithe ar an bhfreagróir, is cuid choiteann den mhodh é dreasachtaí do rannpháirtithe agus d'earcaitheoirí araon. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh earcaíocht trí bhíthin piaraí a bheith ina bhealach éifeachtach chun PWIDanna a shroicheadh agus a earcú. Is féidir é sin a bhaint amach ach sampláil bunaithe ar an bhfreagróir a chur i gcrích, ar cur chuige é ina n-earcaíonn earcaitheoirí ón spriocphobal baill dá líonra piaraí. A bhuíochas de sin, d'fhéadfaí rochtain níos doimhne a fháil ar an bpobal agus an staidéar á dhéanamh, agus dul i dteagmháil le baill níos aonraithe den spriocphobal (Collier et al., 2017). Moltar earcaitheoirí tosaigh ('síolta') a roghnú a bhfuil tréithe éagsúla acu (e.g. inscne, aois, stádas VEID, iompar riosca, etc.) (WHO, 2013).



Sampla dea-chleachtais: Sampláil bunaithe ar an bhfreagróir agus dreasachtaí, DRUCK, an Ghearmáin

Tá sampláil bunaithe ar an bhfreagróir éifeachtúil, ach baineann sí den chuid is mó le hualach oibre agus costais níos airde. Sa Ghearmáin (DRUCK 1), tairgeadh EUR 10 do PWIDanna le haghaidh rannpháirtíochta agus EUR 5 breise in aghaidh an rannpháirtí earcaithe. I gcás DRUCK 2.0, baineadh úsáid as sampláil áise, agus bhí dreasacht EUR 10 ag dul leis le haghaidh rannpháirtíochta. Fuarthas amach go raibh sampla na samplála bunaithe ar an bhfreagróir agus an sampla na samplála áise cosúil lena chéile den chuid ba mhó, agus ba bheag difríochtaí a bhí eatarthu. Dá bhrí sin, i gcás suirbhéanna faireacháin a dhéanfar amach anseo, úsáidfear sampláil áise (léigh torthaí iomlána ó DRUCK 1 agus ó DRUCK 2.0 sa Ghearmáin [anseo](#)).

Suíomhanna earcaíochta agus staidéir

Tá roinnt roghanna ann chun láithreáin staidéir a úsáid d'fhonn sonraí agus eiseamail a bhailiú. Beidh roghnú an láithreáin staidéir is oiriúnaí don suirbhé ag brath ar an gcomhthéacs áitiúil agus ar dhearadh foriomlán an staidéir, na modhanna samplála agus earcaíochta roghnaithe san áireamh. Thairis sin, braitheann sé ar na suíomhanna atá ar fáil ar an leibhéal áitiúil nó ar an leibhéal náisiúnta, ar a gcumas agus a dtoilteanas páirt a ghlacadh i suirbhé, agus ar cé acu atá dea-chaidreamh oibre ann cheana féin.

Is féidir na láithreáin staidéir a úsáid mar an fráma samplála ach freisin chun an pobal staidéir a earcú (déantar cur síos níos mionsonraithe air sin in *Modhanna samplála agus earcaíochta*). Is minic a thugtar sampláil agus earcaíocht – a dhéantar astu féin le haghaidh suirbhéanna ar an bpobal i gcoitinne (ECDC, 2020), den chuid is mó – i gcrích i gcéim amháin agus déantar an dá cheann acu sa suíomh céanna i gcás suirbhéanna ar PWIDanna. Tá buntáistí agus míbhuntáistí éagsúla ag baint leis na roghanna éagsúla maidir le suíomhanna earcaíochta agus staidéir. Tá sé tábhachtach breithniú a dhéanamh ar an rogha agus ar an tionchar a bhíonn aici ar phobal an staidéir, mar shampla, toisc go bhféadfadh saintréithe fhoghrúpa den phobal staidéir a fhreastalaíonn ar ionad cóireála drugaí (má roghnaítear é mar láithreán earcaíochta) a bheith éagsúil leo siúd a fhreastalaíonn ar sheomraí úsáidte drugaí. Is minic a bheidh an láithreán staidéir is oiriúnaí ag brath freisin ar an bpobal staidéir a bhfuiltear ag díriú air.

Tá roinnt gnéithe ginearálta nach mór a chur san áireamh sula roghnaítear suíomhanna earcaíochta agus staidéir liostaithe i [dTábla 7](#).

Tábla 7: Breithnithe maidir le láithreáin staidéir agus earcaíochta a roghnú

Gnéithe le cur san áireamh	
Seomra/seomraí agus an spás atá ar fáil ag an suíomh	Ní mór líon leordhóthanach seomraí a bheith ar fáil ag an láithreán staidéir (d'fhonn bheith in ann fanacht ar shamplaí bitheolaíocha agus iad a bhailiú, ceistneoir a chur i gcrích, samplaí bitheolaíocha a stóráil), go háirithe agus staidéar á chur ar bun a bhfuil uaireanta rannpháirtíochta seasta i gceist leis.
Inrochtaineacht	Déan breithniú ar inrochtaineacht suíomhanna earcaíochta agus staidéir maidir le huaireanta oscailte, gaireacht, éascaíocht aimsithe agus teagmháil a dhéanamh le hiompar poiblí.
Inghlacthacht	Ní mór glacadh maith a bheith i gceist le suíomhanna staidéir agus earcaíochta mar áiteanna don phobal staidéir. Áirítear leis sin go bhfuil íogaireacht ó thaobh cultúir agus teangacha éagsúla de le brath iontu, agus freisin go gcuirtear ar fáil iontu siad spás sábháilte ó thaobh stiogma, idirdhealaithe agus coiriúlachta de.
Cliaint atá ag freastal ar an tseirbhís agus a thugann cuairt uirthi	D'fhéadfadh fophobail sonracha a bheith i gceist leis sin, e.g. othair atá i mbun OAT a fháil; PWIDanna a bhaineann úsáid as NSP (féach freisin Tábla 8).
Acmhainní atá ar fáil	Lena n-áirítear baill foirne, eolas agus cumas earcú agus rannpháirtithe a chur san áireamh.

Tábla 8: Suíomhanna earcaíochta agus staidéir (de réir thuairisciú EUDA in FONTE)

Láithreáin staidéir	Buntáistí	Mibhuntaistí
Ionaid chóireála drugaí (othair chónaitheacha agus sheachtracha araon)	Bíonn PWIDanna i dteagmháil le seirbhís cheana féin, rud a fhágann go mbíonn sé níos fusa dóibh teagmháil agus earcaíocht a dhéanamh. Bíonn foireann leighis ar fónamh le haghaidh comhairleoireachta agus nósanna imeachta ionracha (tarraingt fola féithí).	Ní bheifear in ann ach foshampla de PWIDanna a earcú; d'fhéadfadh sé nach iad na daoine a fhreastalaíonn ar ionaid chóireála drugaí ba mhó a bheadh i mbaol ó DRIDanna.
Ionaid cóireála drugaí (OAT)	Bíonn PWIDanna i dteagmháil le seirbhís cheana féin, rud a fhágann go mbíonn sé níos fusa dóibh teagmháil agus earcaíocht a dhéanamh. Bíonn foireann leighis ar fónamh le haghaidh comhairleoireachta agus nósanna imeachta ionracha (tarraingt fola féithí).	Ní bheifear in ann ach foshampla de PWIDanna a earcú; d'fhéadfadh sé nach iad na daoine a fhreastalaíonn ar ionaid chóireála drugaí ba mhó a bheadh i mbaol ó DRIDanna.
Ionaid cóireála drugaí (neamhshonraithe)	Bíonn PWIDanna i dteagmháil le seirbhís cheana féin, rud a fhágann go mbíonn sé níos fusa dóibh teagmháil agus earcaíocht a dhéanamh. Bíonn foireann leighis ar fónamh le haghaidh comhairleoireachta agus nósanna imeachta ionracha (tarraingt fola féithí).	Ní bheifear in ann ach foshampla de PWIDanna a earcú; d'fhéadfadh sé nach iad na daoine a fhreastalaíonn ar ionaid chóireála drugaí ba mhó a bheadh i mbaol ó DRIDanna.
Cláir steallairí agus snáthaidí (lena n-áirítear for-rochtain)	Bíonn PWIDanna i dteagmháil le seirbhís cheana féin, rud a fhágann go mbíonn sé níos fusa dóibh teagmháil agus earcaíocht a dhéanamh.	Áireofar leis foshampla sonracha de spriocphobal úsáideoirí drugaí insteallta gníomhacha agus, dá réir sin, riosca níos airde agus, b'fhéidir, leitheadúlacht níos airde. Ar an taobh eile, is dócha go n-ídíonn siad drugaí den chuid is mó mar chuid de NSP.
Seomraí úsáidte drugaí	Bíonn PWIDanna i dteagmháil le seirbhís cheana féin, rud a fhágann go mbíonn sé níos fusa dóibh teagmháil agus earcaíocht a dhéanamh.	Áireofar leis foshampla sonracha de spriocphobal úsáideoirí drugaí insteallta gníomhacha agus, dá réir sin, riosca níos airde agus, b'fhéidir, leitheadúlacht níos airde. É sin ráite, bíonn drugaí á n-úsáid ag PWIDanna a bhaineann leas as an tseirbhís i dtimpeallacht níos sábháilte i gcomparáid leis an tsráid, áit ar mó an seans go mbeadh trealamh insteallta neamh-steiriúil/comhroinnte in úsáid acu.
Seirbhísí eile ísealtairí (lena n-áirítear for-rochtain)	Bíonn PWIDanna i dteagmháil le seirbhís cheana féin, rud a fhágann go mbíonn sé níos fusa dóibh teagmháil agus earcaíocht a dhéanamh.	Áireofar leis foshampla sonracha de spriocphobal úsáideoirí drugaí insteallta gníomhacha agus, dá réir sin, riosca níos airde agus, b'fhéidir, leitheadúlacht níos airde. Mar sin féin, d'fhéadfadh PWIDanna a fhreastalaíonn ar na seirbhísí seo drugaí a ithe i dtimpeallacht níos sábháilte i gcomparáid leis an tsráid.
Clinicí STI	Bonneagar maith um thástáil le haghaidh DRIDanna. Bíonn foireann leighis ar fónamh le haghaidh comhairleoireachta agus nósanna imeachta ionracha (tarraingt fola féithí).	Áireofar leis cion níos airde daoine nach n-úsáideann drugaí agus, má dhéantar an earcaíocht sa suíomh sin chomh maith, d'fhéadfadh sé a bheith ní ba dhúshlánaí sprioc an tsamplamhéid a bhaint amach. Ag brath ar an gcomhthéacs, d'fhéadfadh sé a bheith ní ba dheacra ar rannpháirtithe faisnéis faoi úsáid drugaí roimhe seo nó faoi úsáid drugaí reatha a roinnt go hoscailte.

Láithreáin staidéir	Buntáistí	Mibhuntáistí
Lárionaid chomhairleoireachta agus tástála deonái (VCT)	Bonneagar maith um thástáil le haghaidh DRIDanna.	Áireofar leis cion níos airde daoine nach n-úsáideann drugaí agus, má dhéantar an earcaíocht sa suíomh sin chomh maith, d'fhéadfadh sé a bheith ní ba dhúshlánaí sprioc an tsamplamhéid a bhaint amach. Ag brath ar an gcomhthéacs, d'fhéadfadh sé a bheith ní ba dheacra ar rannpháirtithe faisnéis faoi úsáid drugaí roimhe seo nó faoi úsáid drugaí reatha a roinnt go hoscailte.
Liachleachtóirí ginearálta	Cineál staidéir leictreonach ar an mbunachar sonraí (nuair is féidir úsáideoirí drugaí a shainaithint sna clárlanna agus iad a nascadh le faisnéis eile). Deis mhaith chun cur le tábhacht agus feasacht maidir le DRIDanna do liachleachtóirí ginearálta. Bíonn foireann leighis ar fónamh le haghaidh comhairleoireachta agus nósanna imeachta ionracha (tarraingt fola féithí).	Áireofar leis cion níos airde daoine nach n-úsáideann drugaí agus, má dhéantar an earcaíocht sa suíomh sin chomh maith, d'fhéadfadh sé a bheith ní ba dhúshlánaí sprioc an tsamplamhéid a bhaint amach. Ag brath ar an gcomhthéacs, d'fhéadfadh sé a bheith ní ba dheacra ar rannpháirtithe faisnéis faoi úsáid drugaí roimhe seo nó faoi úsáid drugaí reatha a roinnt go hoscailte.
Ranna éigeandála in ospidéal	Bonneagar maith um thástáil le haghaidh DRIDanna. Bíonn foireann leighis ar fónamh le haghaidh comhairleoireachta agus nósanna imeachta ionracha (tarraingt fola féithí).	Áireofar leis cion níos airde daoine nach n-úsáideann drugaí agus, má dhéantar an earcaíocht sa suíomh sin chomh maith, d'fhéadfadh sé a bheith ní ba dhúshlánaí sprioc an tsamplamhéid a bhaint amach. Ag brath ar an gcomhthéacs, d'fhéadfadh sé a bheith ní ba dheacra ar rannpháirtithe faisnéis faoi úsáid drugaí roimhe seo nó faoi úsáid drugaí reatha a roinnt go hoscailte.
Príosúin	Timpeallacht iata ar dócha go mbeidh ráta ard rannpháirtíochta ag baint léi toisc go bhfuil forluí mór ann in go leor tíortha idir úsáid reatha drugaí nó úsáid drugaí roimhe seo agus príosúnacht. Roghanna maithe maidir le nasc le cúram agus coinneáil i gcóireáil.	Áireofar leis sin fo-shampla sonracha den phobal ar dócha go bhfuil riosca níos airde DRIDanna ag baint leo.
Earcaíocht sráide	D'fhéadfadh rannpháirtíocht ní b'airde agus glacadh ní ba mhó a bheith mar thoradh ar earcaíocht idir píaraí ar na sráideanna.	Más RDS atá i gceist, tá seans ann go mbeidh sé anásta agus deacair coigeartú a dhéanamh mar chuid in anailísithe ag céim níos déanaí, agus go mbeidh gá le tuilleadh ceistneoirí agus babhtáí bailithe sonraí a eagrú murach aon láithreán fisiciúil staidéir a bheith ann.
Láithreáin a osclaíodh chun críche an staidéir	Ach láithreáin a bhunú go sonracha don staidéar, is féidir solúbthacht iomlán a cheadú, agus is féidir iad a eagrú agus a choigeartú de réir riachtanais an staidéir (spás, uaireanta oscailte, etc.).	D'fhéadfadh fadhb a bheith ann maidir le hinbhuanaitheacht tar éis deireadh a bheith curtha le maoiniú do shuirbhé. Beidh faisnéis bailithe cheana féin faoin bpobal a d'fhéadfaí a shroicheadh sa suirbhé. Ní bheidh aon mhuinín ná eolas ann cheana féin maidir leis an láithreán ann féin.

Bailiú agus tástáil eiseamail

Tá bealaí éagsúla tástála ann le haghaidh VEID agus heipitíteas víreasach, agus beidh sé sin níos infheidhme ag brath ar chomhthéacs, ar shuíomh staidéir agus ar spriocphobal. Níos tábhachtaí fós, ní mór breithniú a dhéanamh ar na costais agus ar an bhfaisnéis a theastaíonn chun faireachán a dhéanamh. I gcás HCV, beidh tástáil bhreise le haghaidh ionfhabhtú víréimeach ag teastáil le haghaidh tástáil dhearfach antasubstainte. Mar sin féin, má dhéantar an suirbhé i measc pobal a mbítear leitheadúlacht víréimeach ard ag súil leis de ghnáth (>70 %), d'fhéadfadh sé nach mbeadh gá ach le tástáil HCV RNA, nó antaigin chroíleacán HCV, ag brath ar na hacmhainní airgeadais atá ar fáil don suirbhé. Mura bhfuil aon mhaoiniú ar fáil le haghaidh thástáil HCV ARN, d'fhéadfaí na samplaí a stóráil chun tástáil chúlghabhálach a cheadú do HCV ARN tráth níos déanaí nuair a bhíonn maoiniú (nó más ann dó) ar fáil.

Tá na cineálacha tástálacha atá ar fáil, a n-úsáid agus a léirmhíniú mar aon leis na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann leo liostaithe i [dTábla 9](#). Cuireann an Comhlachas Eorpach um Staidéar ar an Ae (EASL) agus an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte moltaí mionsonraithe ar fáil maidir le tástáil HBV agus HCV, lena n-áirítear an cineál de nósanna imeachta tástála agus saotharlainne (féach an bosca *Tuilleadh léitheoireachta*).

Tá na marcóirí agus an dóigh lena léirmhíniú liostaithe i [dTáblaí 10, 11](#) agus [12](#).

Tábla 9: Ábhar bitheolaíoch le haghaidh heipitíteas B, heipitíteas C agus VEID a thástáil – tástálacha atá ar fáil de réir an chineáil shamplaigh (baineann sé seo le PWIDanna i suíomhanna tairsí ísle, lena n-áirítear for-rochtain)

Ábhar bitheolaíoch	Tástálacha ar fáil	Buntáistí	Míbhuntáistí
Séiream/plasma (ó fhéithpholladh), a sheoltar chuig saotharlann le haghaidh tástála	Gach tástáil shéireolaíoch agus mhóilíneach le haghaidh HBV, HCV, VEID	Dea-íogaireacht Na tástálacha agus na marcóirí indéanta Níl aon fhadhb ann maidir le méid neamhleor eiseamail le haghaidh na dtástálacha uile Is féidir séiream iarmharach a stóráil le haghaidh tuilleadh staidéar	D'fhéadfadh sé a bheith níba dhúshlánaí ná spotaí fola triomaithe (DBS) má dhéantar damáiste do na féitheacha I roinnt tíortha, bíonn gá le pearsanra leighis chun samplaí fola a tharraingt. Níos ionraí mar ghnáthamh i gcomparáid le DBS
Spotáí fola triomaithe (ó fhuil ribeadáin), a sheoltar chuig saotharlann le haghaidh tástála	Gach tástáil shéireolaíoch agus mhóilíneach le haghaidh HBV, HCV, VEID Ach stádas vacsaínithe HBV a chinneadh, d'fhéadfaí íogaireacht frith-HBanna ó DBS a laghdú (ag brath ar bhailíochtú ón saotharlann)	Tá sé éasca úsáid a bhaint as 'sa réimse', agus ní bhíonn foireann ar leith ag teastáil mar sin. Bíonn dea-thoradh air má chuirtear oiliúint ar fáil do bhaill foirne agus má bhíonn siad cleachta go maith leis. I gcás droch-rochtain ar fhéith mar gheall ar úsáid drugaí, d'fhéadfadh sé go mbeadh priocadh méire ina dhea-rogha mhalartach	Más gá tuilleadh marcóirí a thástáil, d'fhéadfadh sé go mbeadh go leor spotáí ag teastáil – rud a d'fhéadfadh a bheith dúshlánach (dóthain fola a fháil ó na méara) Ní bhailíochtaítear tástáil ó DBS le haghaidh tástáil dhiagnóiseach ag monaróirí
Fuil iomlán (ó fhéithpholladh nó fuil ribeadáin ó phriocadh méire) le haghaidh tástála ag an láithreán staidéir	mearthástáil antaigin HBanna; frith-HCV, antasubstaint/antaigin HCV, frith-VEID, antasubstaint/antaigin VEID p24 Tástáil ag an bpointe cúraim um imoibriú slabhrúil polaiméaráise (PCR) do HCV, VEID	Toradh tapa Is féidir é a sheachadadh ag an bpointe cúraim (PoC) d'fhonn rochtain ar thástáil agus ar chóireáil a fheabhsú	D'fhéadfadh sé a bheith ní ba neamhíogaire (ní mór íoschaighdeáin feidhmíochta a chomhlíonadh) I gcás HCV, bíonn gá le tástáil dheimhniúeach PCR d'fhonn a chinneadh an ionfhabhtú víréimeach atá ann Tá PCR PoC costasach
Leacht béil le tástáil ag láithreán staidéir	HBV Tástáil antaigine HBs (le seile freisin) HCV Mearthástálacha antasubstainte HCV Tástáil saotharlainne le haghaidh HCV (le seile freisin) VEID Mearthástáil antasubstainte i gcoinne VEID, measúnachtaí scagtha saotharlann-bhunaithe Dabú Western saotharlann-bhunaithe	Modh neamhionrach atá furasta le húsáid i suíomh ar bith	Íogaireacht níos ísle ná mar a bhíonn i gceist le heiseamail eile Ag brath ar shláinteachas béil, d'fhéadfadh sé nach mbeadh glacadh chomh maith leis i measc an spriocphobal agus atá leis an sampla fola. D'fhéadfadh an fhuinneog bhraite a bheith ní ba ghiorra, agus i roinnt tíortha, ní aithnítear tástálacha seile mar thástálacha dhiagnóiseacha mar gheall ar an íogaireacht níos ísle a bhíonn i gceist leo

I gcás HBV, is minic a dhéantar tástáil ar na marcóirí i gcomhthráth, agus cuireann toradh na tástála in iúl cibé an bhfuil ionfhabhtú géar nó ainsealach, cén chéim den ghalar ata i gceist, agus cén chóireáil a bheidh de dhíth ar an duine agus a mbainfidh siad tairbhe aisti (WHO, 2017).

Tábla 10: Marcóirí agus ateangaireacht HBV íosta, molta agus roghnach

	Marcóir HBV		Léirmhíniú
Íosmhéid	Antaigin dromchla Heipitíteas B	Antaigin dromchla Heipitíteas B dearfach	Ionfhabhtú víréimeach (géar nó ainsealach)
Táscaire molta	Antaigin dromchla Heipitíteas B Frith-HBc Frith-HBs	Antaigin dromchla Heipitíteas B dearfach, Frith-HBs diúltach, Frith-HBc dearfach	Ionfhabhtú ainsealach
Táscaire roghnach	Antaigin dromchla Heipitíteas B Frith-HBc Frith-HBs	HBs-Ag diúltach, Frith-HBanna dearfach, Frith-HBc dearfach	Ionfhabhtú HBV roimhe seo
Táscaire roghnach	Antaigin dromchla Heipitíteas B Frith-HBc Frith-HBs ⁽¹⁾	Antaigin dromchla Heipitíteas B diúltach, Frith-HBs dearfach, Frith-HBc diúltach	Vacsáinthe in aghaidh HBV
Táscaire roghnach	ADN HBV	ADN HBV i láthair (VL chun tásc cóireála a chinneadh)	Ionfhabhtú víréimeach

(1) Ní mholtar frith-HBs ach mar mharcóir a bhfuil tástáil le déanamh air i samplaí fola féithí. Is é is cúis leis sin (1) an tairseach ard braite agus tástáil á déanamh ó DBS mar gheall ar an gcéim chaolúcháin agus (2) an imdhíonacht laghdaitheach, go háirithe tar éis vacsaíniú leanaí. D'fhéadfadh gannmheastachán ar an gcion atá á vacsaíniú a bheith mar thoradh ar fhrith-HBs ó DBS.

Tábla 11: Marcóirí íosta agus molta, agus léirmhíniú HCV

	Marcóir HCV	Léirmhíniú
Íoscheanglas	ARN HCV(HCVcAg) dearfach	Ionfhabhtú víréimeach
Táscaire molta	Frith-HCV dearfach, ARN HCV (nó HCVcAg) dearfach	Athróg ionadach le haghaidh ionfhabhtú ainsealach ⁽²⁾
Táscaire molta	Frith-HCV diúltach, ARN HCV (nó HCVcAg) dearfach	Ionfhabhtú víréimeach le déanaí
Táscaire molta	Frith-HCV dearfach (le deimhniú trí dhabú) ⁽¹⁾ , ARN HCV (nó HCVcAg) diúltach	Ionfhabhtú roimhe seo (leigheasta)

(1) Ba cheart toradh scagthástála frithghníomhaí frith-HCV (e.g. ELISA, PoCT) a dheimhniú leis an dara tástáil mar gheall ar thorthaí tástála imoibríocha bréagacha (sainiúlacht laghdaithe). Má tá tástáil ARN/cAg diúltach, ba cheart imdhíonbhláb frith-HCV a chur i bhfeidhm.

(2) An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (2018), *Consolidated strategic information guidelines for viral hepatitis: planning and tracking progress towards elimination* [Treoirlínte comhdhlúite maidir le faisnéis straitéiseach le haghaidh heipitíteas víreasach: dul chun cinn i dtreo díothú a phleanáil agus a rianú], an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, an Ghinéiv.

Tábla 12: Marcóirí agus ateangaireacht HIV íosta, molta agus roghnach

	Marcóir HIV	Léirmhíniú
Íosmhéid	Frith-VEID ⁽¹⁾	VEID-deimhneach, ach tástáil dheimhniúeach de dhíth
Táscaire molta	ARN VEID trí PCR	Ualach dearfach agus víreasach VEID (neamhbhraite má tá cóireáil frithvíreasach á fáil)
Táscaire roghnach	Tástáil frith-VEID agus imdhíonbhláb ina diaidh más dearfach é	VEID-deimhneach

⁽¹⁾ Má úsáidtear tástáil VEID den 4ú glúin, cuirfear torthaí ar fáil maidir le VEID1, VEID2 agus an antaigin p24, rud lena laghdaítear an fhuinneog dhiagnóiseach ó 3 mhí go 6 seachtaine.

Tuilleadh léitheoireachta



- ECDC, [Public health guidance on HIV, hepatitis B and C testing in the EU/EEA](#) [Treoir sláinte poiblí maidir le tástáil VEID, heipitíteas B agus C in AE/i LEE] (2018).
- EDS, [Consolidated guidelines on HIV testing services](#) [Treoirínte comhdhlúite maidir le seirbhísí tástála VEID] (2015).
- EDS, [Guidelines on heipitíteas B and C testing](#) [Treoirínte maidir le tástáil heipitíteas B agus C] (2017).
- EDS, [Updated recommendations on simplified service delivery and diagnostics for hepatitis C infection](#) [Moltaí nuashonraithe maidir le seachadadh seirbhíse simplithe agus diagnóisic le haghaidh ionfhabhtú heipitíteas C] (2022).

Bailiú, bainistiú agus anailísiú sonraí

Bailiú sonraí

Ba cheart ceistneoir a úsáid chun faisnéis bhreise a bhailiú ó rannpháirtithe an tsuirbhé. Ba cheart faisnéis bhunúsach shoch-dhéimeagrafach, amhail gnéas nó inscne, aois, oideachas, stádas imirce agus dálaí maireachtála, a bhailiú i gcónaí. Ba cheart faisnéis bhreise maidir le PWIDanna i dtaobh rioscaí (e.g. tomhaltas drugaí, comhroinnt feistí drugaí, gnéas neamhshábháilte, príosúnacht), bearta coisctheacha (e.g. trealamh steiriúil a sholáthar le haghaidh úsáid drugaí, rochtain ar OAT, nalocsón, próifíolacsas réamh-nochtaithe VEID (PrEP) agus vacsaíniú), stair na tástála le haghaidh galair thógálacha agus stair na cóireála a bhailiú, de réir chroítháscairí EUDA más féidir (féach liosta na dtáscairí i dTábla 13 agus na ceistneoirí teimpléid [leaganacha gearra agus leathnaithe]). Ba cheart ábhar sonrach an cheistneora a nascadh le haidhm an tsuirbhé agus é a choinneáil deas gairid d'fhonn an ráta freagartha a mhéadú. Más gá, ba cheart an ceistneoir a chur ar fáil i dteanga shimplí freisin agus, b'fhéidir, é a aistriú go teangacha eile atá ábhartha don spriocphobal.

Is smaoineamh maith é an ceistneoir a bhailíochtú agus a réamhthástáil – agus iarraidh ar ionadaí ón spriocphobal freisin athbhreithniú a dhéanamh ar an gceistneoir d'fhonn a áirithiú go bhfuil tuiscint mhaith ar an ábhar – chun bailíocht a fheabhsú. Rud atá tábhachtach, má aistrítear an ceistneoir, ba cheart go ndéanfaí an teanga ann a phrofáil ag duine ag a bhfuil an teanga ó dhúchas chun an t-aistriúchán a fhíorú agus d'fhonn a áirithiú go bhfuil an bhrí

chéanna leis an aistriúchán agus atá leis sa bhunteanga. Ba cheart na ceistanna ba thábhachtaí a chur ag tús an cheistneora.

Is féidir leis an gceistneoir a bheith páipéarbhunaithe nó ar líne (agus le comhlánú ar tháibléad, mar shampla), agus is féidir le freagróirí é a líonadh amach ar a gconlán féin nó a chomhlánú le cabhair ó agallóirí nó ó bhaill foirne seirbhíse. Má bhíonn agallóirí nó baill foirne seirbhíse páirteach ann, ba cheart oiliúint a chur orthu chuige sin, go háirithe má áirítear ceistanna íogaire sa cheistneoir. Tá sé tábhachtach a áirithiú gur féidir freagraí gach rannpháirtí ar an gceistneoir agus torthaí na dtástálacha diagnóiseacha a nascadh le chéile.

Bainistiú sonraí

Maidir le bainistiú sonraí, ba cheart cláir um iontráil agus seiceáil sonraí a fhorbairt, mar shampla trí úsáid a bhaint as bogearraí EpiData (Christiansen and Lauritsen, 2010). Ba cheart dhá bhunachar sonraí a chruthú; bunachar sonraí amháin le haghaidh na sonraí saotharlainne agus bunachar sonraí le haghaidh na sonraí iompraíochta a bhailítear sa cheistneoir. Má líontar an ceistneoir amach ar pháipéar agus má chuirtear isteach i mbunachar sonraí é ina dhiaidh sin, meastar gur dea-chleachtas é sonraí a iontráil faoi dhó, agus ba cheart é a sheiceáil, nuair is féidir, le haghaidh neamhréireachtaí. Is féidir an tacar sonraí deiridh a tháirgeadh ansin. Is féidir na sonraí a iontráil go díreach i mbunachar sonraí má bhailítear sonraí go leictreonach tráth an agallaimh. Ach ceistneoir leictreonach a chur ar fáil, is féidir scipeanna agus seiceálacha loighciúla a dhéanamh lena bhfeabhsaítear cáilíocht sonraí. Agus an bailiú sonraí tugtha i gcrích, ba cheart an dá bhunachar sonraí a mheascadh ach úsáid a bhaint as aitheantas an rannpháirtí (aitheantóir uathúil rannpháirtí). Ansin is féidir na sonraí a iompórtáil isteach i mbogearraí staidrimh.

Anailís sonraí

Tá sé tábhachtach úsáid a bhaint as an anailís iomchuí i bhfianaise na modhanna deartha agus samplála agus earcaíochta a úsáidtear sa suirbhé. Is féidir ualaí suirbhé a úsáid chun dóchúlachtaí éagothrom roghnúcháin a chur san áireamh sa sampla ag díriú ar phríomhathróga. Mar shampla, má cuireadh ní ba mhó daoine d'aois ní b'óige san áireamh sa sampla i gcomparáid leis an dáileadh bunaidh sa spriocphobal, is féidir tuilleadh béime a chur ar PWIDanna d'aois níos sine san anailís.

De ghnáth, i suirbhéanna eipidéimeolaíocha ar PWIDanna, áirítear an méid seo a leanas i measc na meastachán DRIDanna:

- bearta éagsúla maidir le minicíocht an ghalair (minicíocht agus leitheadúlacht)
- bearta éagsúla maidir le gaol idir galar agus nochtadh (riosca nó tosca coisctheacha)

Thairis sin, is minic a bhíonn PWIDanna neamhchosanta ar thimpeallachtaí riosca éagsúla cosúil le príosúnacht, easpa dídine nó obair ghnéis, rud a d'fhéadfadh cur leis an riosca go nochtfaí iad do víris fuil-iompartha. Ina theannta sin, d'fhéadfadh aois, inscne agus cineálacha drugaí a úsáidtear tionchar a imirt ar nochtadh don timpeallacht riosca agus ar éifeacht na timpeallachta riosca (Degenhardt et al., 2017; 2023). Dá bhrí sin, bíonn luach ag gabháil freisin le faisnéis mar sin a bhailiú agus suirbhé ar PWIDanna a dhéanamh, agus is féidir í a úsáid chun an anailís sonraí a shrathú d'fhonn sonraí mionsonraithe chun gnímh a ghiniúint, agus chun freagairt spriocdhírthe a chumasú.

Prótacal teicniúil i dtaca le galair thógálacha a bhaineann le drugaí (DRIDanna): suirbhéanna maidir le VEID agus heipitíteas víreasach ar dhaoine a bhaineann mí-úsáid as drugaí trí instealladh

Tá na táscairí – ar croítháscairí, táscairí molta nó táscairí roghnacha iad – tá siad liostaithe i [dTábla 13](#).

Tábla 13: Táscairí maidir le láithreachas galair, fachtóirí riosca agus idirghabhálacha i measc PWIDanna

Bloc tógála	Táscaire (¹)	Croítháscaire/ Táscaire molta/ Táscaire roghnach	Sainmhíniú	Uimhreoir	Ainmneoir	Dearadh staidéir (foinse sonraí)
Ualach agus tionchar	Leitheadúlacht antaigin dromchla Heipitíteas B	Croítháscaire	Cion de PWIDanna a ndearnadh tástáil dhearfach HBsAg orthu	Líon na PWIDanna a ndearnadh tástáil dhearfach HBsAg orthu	Líon na PWIDanna a tástáladh mar chuid den staidéar (pobal iomlán)	Staidéar trasghearrthach nó cohóirt le sampla bitheolaíoch
	Leitheadúlacht ionfhabhtaithe víréimigh HCV	Croítháscaire	Cion de PWIDanna ar a raibh ionfhabhtú víréimeach HCV (HCV ARN nó HCV-Ag)	Líon na PWIDanna a ndearnadh tástáil dhearfach le haghaidh HCV RNA nó HCVcAg orthu	Líon na PWIDanna a tástáladh mar chuid den staidéar (pobal iomlán)	
	Leitheadúlacht frith-HCV (i measc iad siúd a ionfhabhtaíodh le HCV riamh)	Croítháscaire	Cion de PWIDanna a ndearnadh tástáil frith-HCV dhearfach orthu	Líon na PWIDanna a ndearnadh tástáil frith-HCV dhearfach orthu	Líon na PWIDanna a tástáladh mar chuid den staidéar (pobal iomlán)	
	Leitheadúlacht ionfhabhtú víréimeach HCV i measc iad siúd a ionfhabhtaíodh le HCV riamh	Táscaire roghnach	Cion d'ionfhabhtú víréimeach HCV roinnte orthu siúd a ionfhabhtaíodh le HCV riamh	Líon na PWIDanna a ndearnadh tástáil dhearfach le haghaidh HCV RNA nó HCVcAg orthu	Líon na PWIDanna a ndearnadh tástáil frith-HCV dhearfach orthu	
	Leitheadúlacht ionfhabhtú HCV le déanaí	Táscaire roghnach	Cion de PWIDanna a ndearnadh tástáil frith-HCV dhiúltach orthu agus tástáil HCV ARN/HCV-Ag dhearfach orthu	Líon na PWIDanna a ndearnadh tástáil frith-HCV dhiúltach agus tástáil HCV RNA/cAg dhearfach orthu	Líon na PWIDanna a tástáladh mar chuid den staidéar (pobal iomlán)	
	Leitheadúlacht ionfhabhtú VEID	Croítháscaire	Cion de PWIDanna a bhfuil ionfhabhtú VEID orthu	Líon na PWIDanna a ndearnadh tástáil VEID dhearfach orthu (deimhnithe)	Líon na PWIDanna a tástáladh mar chuid den staidéar (pobal iomlán)	
	Minicíocht an ionfhabhtaithe HCV	Táscaire roghnach	Ráta minicíochta ionfhabhtuithe nua le HCV (HCV RNA/cAg+)	Líon iomlán na n-ionfhabhtuithe nua le HCV (HCV RNA/cAg+) i dtréimhse áirithe ama	Pobal iomlán lúide daoine ar a bhfuil heipitíteas C (HCV RNA/cAg+) (am, duine i mbaol)	

Bloc tógála	Táscaire (¹)	Croítháscaire/ Táscaire molta/ Táscaire roghnach	Sainmhíniú	Uimhreoir	Ainmneoir	Dearadh staidéir (foinse sonraí)
	Minicíocht an athionfhabhtaithe HCV	Táscaire roghnach	Ráta minicíochta ath-ionfhabhtuithe le HCV (HCV RNA/cAg)	Líon iomlán na n-ionfhabhtuithe nua HCV (HCV RNA/cAg+) i measc daoine a bhí tar éis an t-ionfhabhtú a chur díobh i ndiaidh chóireáil DAA laistigh de thréimhse áirithe ama	Daoine a bhí tar éis an t-ionfhabhtú a chur díobh tar éis chóireáil DAA (am, duine i mbaol)	Staidéar trasghearrthach nó cohóirt le sampla bitheolaíoch
	Minicíocht an ionfhabhtaithe HIV	Táscaire roghnach	Ráta minicíochta ionfhabhtuithe nua VEID	Líon iomlán ionfhabhtuithe nua le VEID (séireachomhshó) i dtréimhse ama ar leith	Pobal iomlán lúide daoine a bhfuil VEID orthu (am, duine i mbaol)	Staidéar trasghearrthach (le samhaltú) nó staidéar cohóirt le sampla bitheolaíoch
Tosca riosca	Leitheadúlacht insteallta le snáthaidí/steallairí a bhí in úsáid cheana féin ag daoine eile	Croítháscaire	Cion de PWIDanna a roinn snáthaidí/steallairí úsáidte le 30 lá anuas	Cion de PWIDanna a roinn snáthaidí/steallairí úsáidte le 30 lá anuas)	Líon na PWIDanna a ghlac páirt sa staidéar a d'fhreagair an cheist maidir le húsáid snáthaidí/steallairí úsáidte	Sonraí trasghearrthacha nó cohóirt (ceistneoir)
	Leitheadúlacht na húsáide a bhaineann daoine eile as feistí a d'úsáid daoine eile cheana féin	Táscaire molta	Cion de PWIDanna a roinn aon fheistí insteallta úsáidte le 30 lá anuas seachas snáthaidí/steallairí (comhúsáid, fáil nó cur ar aghaidh)	Cion de PWIDanna a roinn aon fheistí insteallta úsáidte le 30 lá anuas seachas snáthaidí/steallairí (comhúsáid, fáil nó cur ar aghaidh)	Líon na PWIDanna a ghlac páirt sa staidéar a d'fhreagair an cheist maidir le comhroinnt feistí insteallta	Sonraí trasghearrthacha nó cohóirt (ceistneoir)
	Minicíocht an insteallta le 30 lá anuas	Táscaire molta	(Ríomhtar meánlíon/airmheán na n-instealltaí le 30 lá anuas trí ach meánlíon/airmheán na laethanta a caitheadh i mbun IDU le 30 lá anuas iolraithe faoi mheánlíon/airmheán na n-instealltaí ar an meánlá úsáide le 30 lá anuas)	Líon na laethanta a caitheadh i mbun IDU le 30 lá anuas Líon na n-instealltaí ar an meánlá úsáide le 30 lá anuas)	Líon na PWIDanna a thuairiscigh instealladh le 30 lá anuas a d'fhreagair an dá cheist maidir le líon na laethanta a caitheadh i mbun IDU agus líon na n-instealltaí	Sonraí trasghearrthacha nó cohóirt (ceistneoir)

Bloc tógála	Táscaire (¹)	Croítháscaire/ Táscaire molta/ Táscaire roghnach	Sainmhíniú	Uimhreoir	Ainmneoir	Dearadh staidéir (foinse sonraí)
	Cion na n-insteallairí nua	Táscaire molta	Tá cion de PWIDanna a chuir tús le hinstealladh drugaí le dhá bhliain anuas ar chatagóir amháin de líon na mblianta ón chéad instealladh. Ach an uimhir sin a ríomh, dealaítear an aois tráth an chéad insteallta ón aois reatha	Líon na PWIDanna a thosaigh ag instealladh le 2 bhliain anuas	Líon na PWIDanna a d'fhreagair an cheist maidir le haois [i mblianta] tráth chur i gcrích an staidéir agus an aois [i mblianta] ag an gcéad instealladh	Sonraí trasghearrthacha nó cohóirt (ceistneoir)
	Leitheadúlacht na húsáide drugaí trí instealladh, de réir substainte	Táscaire molta	Cion de PWIDanna a bhí i mbun insteallta le 30 lá anuas, de réir substainte (hearóin, meatadón, búipreanoirfín, feantainil agus a dhíorthaigh, ópóidigh beinsimíodasóil, moirfín, ocsacódón, tramadol, cócaon púdair, cnagchócaon, amfataimín, meitiolamfataimín, cáitíonóin shintéiseacha, beinsidhé-asaipíní, MDMA agus a dhíorthaigh, GHB/GBL, céataimín, eile)	Líon na PWIDanna a bhí ag instealladh le 30 lá anuas, de réir substainte	Líon na PWIDanna a ghlac páirt sa staidéar a d'fhreagair an cheist maidir le substaintí insteallta	Sonraí trasghearrthacha nó cohóirt (ceistneoir)
	Leitheadúlacht na príosúnachta roimhe seo	Táscaire molta	Cion de PWIDanna a thuairiscigh gur chaith siad seal i bpríosún	Líon na PWIDanna a bhfuil stair phríosúnachta luaite leo	Líon na PWIDanna a ghlac páirt sa staidéar a d'fhreagair an cheist maidir le príosúnacht roimhe seo	Sonraí trasghearrthacha nó cohóirt (ceistneoir)

Bloc tógála	Táscaire ⁽¹⁾	Croítháscaire/ Táscaire molta/ Táscaire roghnach	Sainmhíniú	Uimhreoir	Ainmneoir	Dearadh staidéir (foinse sonraí)
	Leitheadúlacht na heaspa dídine le 12 mhí anuas nó faoi láthair	Táscaire molta	(Cion de PWIDanna a bhí gan áit chónaithe sheasta, ina gcónaí ar na sráideanna, nó i mbrú nó dídean go sealadach, am ar bith le 12 mhí anuas)	(Cion de PWIDanna a bhí gan dídean le 12 mhí anuas)	Líon na PWIDanna a ghlac páirt sa staidéar a d'fhreagair an cheist maidir le heaspa dídine	Sonraí trasghearrthacha nó cohóirt (ceistneoir)
	Eispéireas d'idirdhealú agus iad ag rochtain seirbhísí cúraim sláinte le 12 mhí anuas ⁽²⁾	Táscaire molta	Cion de PWIDanna a d'fhuaing idirdhealú agus iad ag rochtain seirbhísí cúraim sláinte le 12 mhí anuas	Líon na PWIDanna a thuairiscigh eispéireas d'idirdhealú agus iad ag rochtain seirbhísí cúraim sláinte le 12 mhí anuas	Líon na PWIDanna a ghlac páirt sa staidéar a d'fhreagair an cheist maidir le hidirdhealú agus iad ag rochtain seirbhísí cúraim sláinte	Sonraí trasghearrthacha nó cohóirt (ceistneoir)
Cosc	Dáileadh steallairí agus snáthaidí	Croítháscaire	Meánlíon na snáthaidí/steallairí steiriúla a cláraíodh in aghaidh an duine a bhí ag baint mí-úsáid as drugaí trí instealladh le 12 mhí anuas	Líon na snáthaidí/steallairí steiriúla a fuarthas ó NSP in aghaidh an PWID le 30 lá anuas	N/B Maidir leis an táscaire seo, déanaimid meán a ríomh thar na freagraí go léir agus méadaímid faoi 12 é chun meastachán bliantúil a fháil	Sonraí trasghearrthacha nó cohóirt (ceistneoir) ⁽³⁾
	Clúdach OAT	Croítháscaire	Cion na n-ópóideach a dtógann PWIDanna a bhfuil cóireáil fhorordaithe OAT á cur orthu faoi láthair	Líon na PWIDanna a bhfuil OAT á cur orthu tráth chur i gcrích an staidéir	Líon na PWIDanna a bhí i mbun ópóidigh a thógáil nó a raibh OAT á chur orthu a ghlac páirt sa staidéar a d'fhreagair an cheist maidir le OAT	Sonraí trasghearrthacha nó cohóirt (ceistneoir nó nascáil taifid)
	Cumhdach vacsaínithe HBV ⁽⁴⁾	Táscaire molta	Cion de PWIDanna a thuairiscigh go raibh siad vacsaínithe in aghaidh HBV	Líon na PWIDanna a fuair vacsaín heipitíteas B	Líon na PWIDanna a ghlac páirt sa staidéar a chuir faisnéis maidir le vacsaíniú HBV ar fáil	Sonraí trasghearrthacha nó cohóirt (sampla fola, ceistneoir nó nasc taifid) (sonraí ó bhunachair sonraí nó ó chláríanna)

Bloc tógála	Táscaire (¹)	Croítháscaire/ Táscaire molta/ Táscaire roghnach	Sainmhíniú	Uimhreoir	Ainmneoir	Dearadh staidéir (foinse sonraí)
	Úsáid coiscín	Táscaire molta	Cion de PWIDanna a thuairiscigh úsáid coiscín le linn an bhabhta dheireanaigh caidrimh collaí	Cion de PWIDanna a thuairiscigh úsáid coiscín le linn an bhabhta dheireanaigh caidrimh collaí	Líon na PWIDanna a ghlac páirt sa staidéar a d'fhreagair an cheist maidir le húsáid coiscín	Sonraí trasghearrthacha nó cohóirt (ceistneoir)
	Úsáid PrEP	Táscaire molta	Cion de PWIDanna a thóg PrEP uair amháin ar a laghad le 12 mhí anuas	Líon na PWIDanna a thóg PrEP uair amháin ar a laghad le 12 mhí anuas	Líon na PWIDanna a ghlac páirt sa staidéar a d'fhreagair an cheist maidir le PrEP	Sonraí trasghearrthacha nó cohóirt (ceistneoir nó nascáil taifid)
	Cumhdach nalocsóin	Táscaire molta	Cion de PWIDanna a raibh nalocsón ina seilbh acu	Líon na PWIDanna a raibh nalocsón ina seilbh acu tráth chur i gcrích an staidéir	Líon na PWIDanna a ghlac páirt sa staidéar a d'fhreagair an cheist maidir le nalocsón	Sonraí trasghearrthacha nó cohóirt (ceistneoir)
Leanúntas cúraim VEID	Tástáil (HIV)	Croítháscaire	Cion de PWIDanna a tástáladh le haghaidh VEID le 12 mhí anuas (gan tástálacha a rinneadh mar chuid den staidéar a áireamh, agus gan iad siúd a raibh diagnóis <u>aitheanta</u> VEID faighte acu cheana a áireamh)	Líon na PWIDanna a tástáladh le haghaidh VEID le 12 mhí anuas (gan tástálacha a rinneadh mar chuid den staidéar a áireamh, agus gan iad siúd a raibh diagnóis <u>aitheanta</u> VEID acu a áireamh)	Líon na PWIDanna a ghlac páirt sa staidéar a d'fhreagair an cheist maidir le tástáil VEID (gan iad siúd a raibh diagnóis <u>aitheanta</u> VEID faighte acu a áireamh)	Sonraí trasghearrthacha nó cohóirt (ceistneoir nó nascáil taifid)
	Diagnóis (HIV)	Croítháscaire	Cion de PWIDanna ar a bhfuil VEID agus a bhfuil a stádas ar eolas acu	Líon na PWIDanna a ndearnadh tástáil dhearfach le haghaidh VEID orthu sa staidéar a raibh a stádas HIV+ ar eolas acu	Líon na PWIDanna VEID+ a ghlac páirt sa staidéar a d'fhreagair an cheist maidir le stádas VEID	Sonraí trasghearrthacha nó cohóirt (sampla fola agus ceistneoir nó nasc taifid)
	Cóireáil (HIV)	Croítháscaire	Cion de PWIDanna ag a raibh diagnóis VEID a bhí ag fáil teiripe fhrithvíreasach (ART)	Líon na PWIDanna a diagnóisíodh le VEID (cheana) agus atá ag fáil ART faoi láthair	Líon na PWIDanna a ghlac páirt sa staidéar a diagnóisíodh (cheana féin) le VEID a chuir faisnéis ar fáil maidir le ART	Sonraí trasghearrthacha nó cohóirt (sampla fola agus ceistneoir nó nasc taifid)

Bloc tógála	Táscaire (¹)	Croítháscaire/ Táscaire molta/ Táscaire roghnach	Sainmhíniú	Uimhreoir	Ainmneoir	Dearadh staidéir (foinse sonraí)
	Sochtadh víreasach (HIV)	Táscaire molta	Cion de PWIDanna ar a bhfuil VEID, agus a bhfuil cóireáil á cur orthu, agus a bhfuil sochtadh ualaigh víris bainte amach acu	Líon na PWIDanna atá ag fáil ART agus atá sochta ó thaobh víris de faoi láthair	Líon na PWIDanna a diagnóisíodh le VEID (cheana) agus atá ag fáil ART	Sonraí trasghearrthacha nó cohóirt (sampla fola agus ceistneoir nó nasc taifid)
Cúram HBV (⁵)	Tástáil (HBV)	Táscaire molta	Cion de PWIDanna a tástáladh le haghaidh VEID le 12 mhí anuas (gan tástálacha a rinneadh mar chuid den staidéar a áireamh, agus gan iad siúd a bhfuil diagnóis aitheanta VEID acu a áireamh)	Cion de PWIDanna a tástáladh le haghaidh HBV le 12 mhí anuas (gan tástálacha a rinneadh mar chuid den staidéar a áireamh, agus gan iad siúd a bhfuil diagnóis aitheanta HBV acu a áireamh)	Líon na PWIDanna a áiríodh sa staidéar a d'fhreagair an cheist maidir le tástáil HBV (gan iad siúd a bhfuil diagnóis aitheanta HBV orthu a áireamh)	Sonraí trasghearrthacha nó cohóirt (ceistneoir nó nascáil taifid)
	Tástáil (HDV)	Táscaire roghnach	Cion de PWIDanna a ndearnadh tástáil dhearfach orthu le haghaidh HBV a ndearnadh tástáil le haghaidh HDV orthu freisin le 12 mhí	Líon na PWIDanna a thuairiscigh tástáil HDV le 12 mhí anuas (gan tástálacha a rinneadh laistigh den staidéar a áireamh, agus gan iad siúd atá HBV diúltach a áireamh)	Líon na PWIDanna atá san áireamh sa staidéar a d'fhreagair an cheist maidir le tástáil HDV (gan iad siúd a bhfuil tástáil dhiúltach HBV acu a áireamh)	
	Diagnóis (HBV)	Táscaire roghnach	Cion de PWIDanna ar a bhfuil HBV víréimeach a diagnóisíodh le HBV (a bhí ar an eolas faoina n-ionfhabhtú gníomhach)	Líon na PWIDanna ar a ndearnadh tástáil dhearfach le haghaidh antaigin dromchla Heipitíteas B a diagnóisíodh le hionfhabhtú HBV (féintuairiscithe nó le taifead de dhiagnóis stairiúil)	Líon na PWIDanna ar a bhfuil antaigin dromchla Heipitíteas B+ a ghlac páirt sa staidéar a d'fhreagair an cheist maidir le stádas HBV	
	Cóireáil (HBV)	Táscaire roghnach	Cion de PWIDanna a diagnóisíodh le hionfhabhtú gníomhach HBV a bhfuil cóireáil do HBV á cur orthu	Líon na PWIDanna ar a ndearnadh tástáil dhearfach le haghaidh antaigin dromchla Heipitíteas B a bhfuil cóireáil do HBV á cur orthu faoi láthair (féintuairiscithe nó le taifead cóireála)	Líon na PWIDanna a ghlac páirt sa staidéar a diagnóisíodh (cheana féin) le hionfhabhtú HBV a chuir faisnéis maidir le cóireáil HBV ar fáil	

Bloc tógála	Táscaire (¹)	Croítháscaire/ Táscaire molta/ Táscaire roghnach	Sainmhíniú	Uimhreoir	Ainmneoir	Dearadh staidéir (foinse sonraí)
	Sochtadh víreasach (HBV)	Táscaire roghnach	Cion d'othair a bhfuil ionfhabhtú HBV orthu agus a bhfuil cóireáil á cur orthu agus a bhfuil an t-ualach víreasach HBV (VL) sochta iontu	Líon na n-othar a bhfuil ionfhabhtú HBV orthu agus a bhfuil cóireáil á cur orthu agus a bhfuil an t-ualach víreasach HBV (VL) sochta iontu (ADN HBV neamhbhraite), bunaithe ar thomhas ualaigh víris le 12 mhí anuas	Líon na n-othar a bhfuil ionfhabhtú HBV orthu agus a bhfuil cóireáil á cur orthu, agus a ndearnadh measúnú ualaigh víris orthu le 12 mhí anuas	
Cúram HCV (⁶)	Tástáil (HCV)	Croítháscaire	Cion de PWIDanna a tástáladh le haghaidh HCV le 12 mhí anuas (gan tástálacha a rinneadh mar chuid den staidéar a áireamh)	Líon na PWIDanna a thuairiscigh tástáil HCV le 12 mhí anuas (gan tástálacha a rinneadh mar chuid den staidéar a áireamh)	Líon PWIDanna a ghlac páirt sa staidéar a d'fhreagair an cheist maidir le tástáil HCV	Sonraí trasghearrthacha nó cohóirt (ceistneoir nó nascáil taifid)
	Diagnóis (HCV) – riamh	Croítháscaire	Cion frith-HCV+ agus/nó HCV-ARN+ PWIDanna a diagnóisíodh le hionfhabhtú víréimeach HCV riamh	Líon na PWIDanna a diagnóisíodh le hionfhabhtú gníomhach HCV riamh (féintuairiscithe nó le taifead de dhiagnóis stairiúil)	Líon na PWIDanna frith-HCV+ agus/nó HCV-RNA+ a ghlac páirt sa staidéar a d'fhreagair an cheist maidir le diagnóis d'ionfhabhtú gníomhach HCV (riamh) (nó sna taifid atá ar fáil)	Sonraí trasghearrthacha nó cohóirt (ceistneoir nó nascáil taifid)
	Diagnóis (HCV) – 12 mhí anuas	Croítháscaire	Cion de PWIDanna frith-HCV+ agus/nó HCV-RNA+ atá tar éis a bheith diagnóisithe le hionfhabhtú víréimeach HCV le 12 mhí anuas	Líon na PWIDanna frith-HCV+ agus/nó HCV-RNA+ a ndearnadh diagnóis d'ionfhabhtú víréimeach HCV orthu le 12 mhí anuas (féintuairiscithe nó le taifead de dhiagnóis a rinneadh le 12 mhí anuas)	Líon na PWIDanna frith-HCV+ agus/nó HCV-RNA+ PWIDanna a ghlac páirt sa staidéar a d'fhreagair an cheist maidir le diagnóis d'ionfhabhtú gníomhach HCV (nó sna taifid atá ar fáil)	Sonraí trasghearrthacha nó cohóirt (ceistneoir nó nascáil taifid)
	Cóireáil (HCV) – riamh	Croítháscaire	Cion de PWIDanna frith-HCV+ agus/nó HCV-RNA+ a bhfuil cóireáil fhrithvíreasach HCV curtha orthu riamh	Líon na PWIDanna frith-HCV+ agus/nó HCV-RNA+ a bhfuil cóireáil fhrithvíreasach HCV curtha orthu riamh (féintuairiscithe nó le taifead cóireála)	Líon na PWIDanna frith-HCV+ agus/nó HCV-RNA+ a ghlac páirt sa staidéar a d'fhreagair an cheist maidir le cóireáil fhrithvíreasach HCV (nó sna taifid atá ar fáil)	Sonraí trasghearrthacha nó cohóirt (ceistneoir nó nascáil taifid)

Bloc tógála	Táscaire (¹)	Croítháscaire/ Táscaire molta/ Táscaire roghnach	Sainmhíniú	Uimhreoir	Ainmneoir	Dearadh staidéir (foinse sonraí)
	Cóireáil (HCV) – 12 mhí anuas	Croítháscaire	Cion de PWIDanna frith-HCV+ agus/nó HCV-RNA+ atá tar éis cóireáil fhrithvíreasach HCV a thosú le 12 mhí anuas	Líon na PWIDanna frith-HCV+ agus/nó HCV-RNA+ atá tar éis cóireáil fhrithvíreasach HCV a thosú le 12 mhí anuas (féintuairiscithe nó le taifead de thosú cóireála le 12 mhí anuas)	Líon na PWIDanna frith-HCV+ agus/nó HCV-RNA+ a ghlac páirt sa staidéar a d'fhreagair an cheist maidir le cóireáil fhrithvíreasach HCV (nó sna taifid atá ar fáil)	Sonraí trasghearrthacha nó cohóirt (ceistneoir nó nascáil taifid)
	Freagairt mharthanach víreolaíoch (HCV)	Táscaire molta	Cion d'othair ina bhfuil heipitíteas C leigheasta as measc na n-othar a chríochnaigh an chóireáil	Líon na n-othar a chríochnaigh cóireáil heipitíteas C agus a raibh freagairt leanúnach víreolaíoch luaite leo (SVR) bunaithe ar thomhas VL 12-24 seachtaine tar éis dheireadh na cóireála (le 12 mhí anuas)	Líon na n-othar a chríochnaigh cóireáil heipitíteas C agus a ndearnadh measúnú orthu le haghaidh SVR 12-24 seachtaine tar éis dheireadh na cóireála (le 12 mhí anuas)	Sonraí trasghearrthacha nó cohóirt (ceistneoir nó nasc taifid nó sampla fola)

- (¹) Ba cheart cuid de na táscairí sin a shrathú de réir aoise, inscne agus neamhchosaintí ar fhachtóirí riosca nó cosanta de réir mar is gá agus mar a léirítear in uirlis bailithe sonraí EUDA.
- (²) Áirítear an t-idirdhealú mar tháscaire nua. Cé gur ag díriú ar an idirdhealú a dhéantar maidir le rochtain a fháil ar chúram sláinte atáthar, tá raon feidhme an stiogma agus an idirdhealaithe a bhíonn á bhfulaingt ag PWIDanna i bhfad níos leithne. Tá moladh maidir le conas sonraí a bhailiú i dtaobh an táscaire seo san áireamh sa cheistneoir samplach.
- (³) Is modh malartach é suirbhé trasghearrthach (arís agus arís eile) ar dháileadh seirbhísí drugaí chun measúnú a dhéanamh ar chineál agus ar chainníocht na bhfeistí drugaí a dáileadh agus ar líon na PWIDanna dar tugadh iad (Hommes et al., 2023).
- (⁴) Ba cheart sonraí féintuairiscithe a úsáid (is ea/ní hea, ní líon na ndáileog). Níor cheart frith-HBanna san fhuil a thomhas ach amháin má bhailítear samplaí fola féithí.
- (⁵) I bhfianaise chineál na staidéar breathnóireachta, is éard atá sna táscairí sin roinnt beart ionadach le haghaidh cuid de na céimeanna den leanúntas cúraim ach ní don leanúntas sin ina iomláine mar atá sainithe ag EDS.
- (⁶) I bhfianaise chineál na staidéar breathnóireachta, is éard atá sna táscairí sin roinnt beart ionadach le haghaidh cuid de na céimeanna den leanúntas cúraim ach ní don leanúntas sin ina iomláine mar atá sainithe ag EDS.

Breithnithe eiticiúla agus cosaint sonraí

Ní mór saincheistean a bhaineann le formheas eiticiúil agus cosaint sonraí a imréiteach sula dtosaítear an bailiú sonraí. Tá sé tábhachtach tús a chur leis na céimeanna sin go luath toisc gur féidir leis an próiseas a bheith fadálach, agus d'fhéadfadh sé gur ghá ábhair shuirbhéireachta a leasú bunaithe ar an aiseolas a bhfaighfear.

Cosaint sonraí

Le gach suirbhé a dhéantar in AE/i LEE, ní foláir cloí le ceanglais uile an [Rialacháin Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí](#). Is é an chéad chéim ná formheas a lorg ón gCoimisiún nó ón Oifigeach um Chosaint Sonraí cuí. Tá sé sin tábhachtach toisc go gcuimhdeáítear leis saincheistean amhail cé acu a bhfuil rochtain ar shonraí suirbhé, lena n-áirítear faisnéis phearsanta agus íogair a bhailítear tríd an gceistneoir nó trí na samplaí bitheolaíocha. Is saincheistean tábhachtacha iad stóráil faisnéise, taifeadadh (i.e. aitheantóirí uathúla pearsanta a úsáid) agus rochtain ar na saincheistean sin ar gá aghaidh a thabhairt orthu. Má aistrítear sonraí, déan cinnte go n-úsáidtear freastalaí criptithe agus slán, agus nach roinntear aon fhaisnéis phearsanta (ná aon fhaisnéis eile a d'fhéadfaí a shainaithint) trí ríomhphost.

Breithnithe eiticiúla agus cosaint sonraí

Ní mór leis an suirbhé na rialacha agus an reachtaíocht náisiúnta atá ann cheana a chomhlíonadh, agus ní mór formheas eiticiúil a fháil sula dtosaítear an bailiú sonraí. Is iad seo a leanas na pointí tábhachtacha nach mór a chur san áireamh d'fhonn a áirithiú go mbíonn ardchaighdeán eiticiúil i gceist leis an suirbhé:

- toiliú feasach i scríbhinn a bhailiú ó na rannpháirtithe uile sula nglacann siad páirt ann;
- rannpháirtíocht dheonach (agus an fhéidearthacht rannpháirtíocht a tharraingt siar gan iarmhairtí diúltacha);
- cosaint sonraí agus rúndacht a áirithiú;
- an tábhacht a bhaineann le torthaí na tástála a chur ar fáil do na rannpháirtithe, agus an chaoi a n-áirithítear nasc le cúram dóibh siúd a ndearnadh tástáil dhearfach orthu (tairbhí aonair agus sláinte poiblí an tsuirbhé);
- i suirbhé tástála anaithnide neamhnasctha, ní féidir torthaí tástála a chur ar fáil do dhaoine aonair; sa chás sin, ba cheart faisnéis a chur ar fáil do rannpháirtithe maidir le rochtain rialta saor in aisce ar thástáil le haghaidh víris fuil-iompartha.

Gnéithe ó thaobh cúrsaí lóistíochta de

Maoiniú agus costais

Beidh tionchar ag na cinntí maidir le dearadh staidéir, an samplamhéid, modhanna samplála agus earcaíochta, agus méid na foirne staidéir ar chostais an tsuirbhé agus ar an maoiniú a bheidh de dhíth. Bíonn coigilteas costais i gceist le suirbhé ina n-úsáidtear tástáil anaithnid toisc nach ndéantar aon tástáil dhiagnóiseach mar chuid de, agus toisc na gceanglas níos

Ísle ó thaobh foirne de a ghabhann léi. Chun forléargas a fháil, ba cheart buiséad a fhorbairt le linn chéim na pleanála, agus na nithe seo a leanas á gcur san áireamh:

- pleanáil agus ullmhúchán
- sampláil agus earcú rannpháirtithe
- suíomh staidéir
- am staidéir (méid na foirne agus an oiliúint riachtanach)
- bailiú eiseamail/sonraí
- stóráil agus iompar
- anailís saotharlainne
- iontráil agus glanadh sonraí
- anailís
- torthaí an tsuirbhé a thuairisciú/a scaipeadh

D'fhéadfadh sé a bheith dúshlánach faireachas a choinneáil ar bun, agus is bacainn thábhachtach í inbhuanaitheacht an chistithe d'fhaireachas leanúnach i measc PWIDanna. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach tacú leis an ngá a bhíonn le sonraí agus a n-úsáid chun díriú ar sheirbhísí, agus ar deireadh thiar samhail chostéifeachtúil a leanúint, d'fhonn toil pholaitiúil agus cistiú a áirithiú.

Foireann staidéir agus oiliúint

D'fhonn a áirithiú go n-éireoidh go breá leis an tsuirbhé, beidh sé tábhachtach comhordaitheoir tionscadail foriomlán a cheapadh, a bheidh freagrach freisin as a áirithiú go ndéanfar na céimeanna uile is gá chun an tsuirbhé a chur chun feidhme (e.g. cosaint sonraí, formheas eiticiúil, etc.).

Agus suirbhé á dhéanamh i measc PWIDanna, agus ag brath ar na modhanna samplála agus earcaíochta agus ar an láithreán staidéir, is gá duine amháin a bheith ar an láthair atá freagrach as an tsuirbhé a chomhordú agus aon saincheisteanna nó ceachtanna féideartha a foghlaimíodh a thuairisciú ar ais do bhainisteoir an tsuirbhé. Tá sé ríthábhachtach ról a thabhairt do bhaill den phobal. Moltar go mór sampláil agus earcaíocht a dhéanamh i suíomhanna ina gcuinníonn an spriocphobal agus, ar an dóigh sin, piaraí a bhfuil aithne ag an spriocphobal orthu a thabhairt isteach agus ról a thabhairt dóibh sa phróiseas. Seo a leanas roinnt ball d'fhoireann suirbhé agus cúraimí nach mór a chur san áireamh (is minic a chuireann duine amháin níos mó ná tasc amháin i gcrích):

- comhordaitheoir (foriomlán agus ar an láthair)
- daoine atá freagrach as earcaíocht (b'fhéarr gur piaraí agus daoine a dhéanann ionadaíocht ar an spriocphobal iad)
- pearsanra cúraim sláinte (altraí nó dochtúirí ag brath ar an gcineál tástála agus ar sholáthar torthaí tástála)
- bithstaitisteoir nó eipidéimeolaí (le haghaidh bainistiú agus anailís sonraí)

Tá sé tábhachtach go mbeadh oiliúint mhaith ar gach ball foirne a ghlacann páirt i gcur i gcrích an tsuirbhé. Ba cheart go mbeadh na cúraimí go léir a bhaineann leis an tsuirbhé agus cé ar a bhfuil sé de chúram iad a chur i gcrích sonraithe go soiléir, agus ba cheart cur síos mionsonraithe a dhéanamh orthu sna buan-nósanna imeachta oibríochta caighdeánacha (SOPanna). Ag brath ar mhéid an tsuirbhé agus ar líon na mball foirne a bhíonn i gceist leis agus ar a ról, b'fhéidir gur mhaith leat machnamh a dhéanamh ar sheisiún oiliúna amháin a reáchtáil le haghaidh gach seisiúin nó seisiún ar leith atá dírithe ar thasc ar leith.

Amlíne

Beag beann ar an gcineál suirbhé agus ar líon na rannpháirtithe, is inmholta i gcónaí dóthain ama a chur ar leataobh lena chur i gcrích. D'fhéadfadh sé go dtógfadh sé tamall fada ullmhú do chúrsaí i dtaobh cosaint sonraí agus eitice agus formheas a fháil ina leith sin, agus bíonn go leor ama ag teastáil ó na comhpháirtithe agus na geallsealbhóirí comhoibríocha chun an láithreán staidéir a ullmhú don suirbhé. Ní mór baill foirne a fhostú agus oiliúint a chur orthu sula gcuirtear tús leis an mbailiú sonraí. Thairis sin, agus an suirbhé á phleanáil – ag brath ar na modhanna samplála agus earcaíochta – bíonn uainiú i dtaobh chur i gcrích an tsuirbhé an-tábhachtach. Má dhéantar an suirbhé amuigh faoin aer, ní mholfaí é a reáchtáil le linn an gheimhridh. Ina theannta sin, moltar a bheith san airdeall ar laethanta saoire poiblí d'fhonn a áirithiú go mbíonn seirbhísí oscailte (d'fhéadfadh éagsúlachtaí a bheith i gceist leis sin ó chathair go cathair i dtír ar leith, cuir i gcás). Ní mór machnamh a dhéanamh freisin ar an gcéim tar éis an bhailithe sonraí lena hairithiú go mbeidh am ann chun sonraí a anailísiú agus a thuairisciú, agus chun na torthaí a gheofar a scaipeadh.

Tuairisciú na dtorthaí, pleananna maidir le scaipeadh

Cuid thábhachtach den suirbhé is ea conas na torthaí a thuairisciú chomh maith leis an gcaoi ar cheart iad a scaipeadh. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí leis sin na torthaí a chur ar pár i lámhscríbhinn a bheadh le cur faoi bhráid iris phiarmheasúnaithe, tuarascáil a chur faoi bhráid na haireachta sláinte nó páirtithe leasmhara eile, nó cur i láthair le linn comhdhála nó ag cruinniú le comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara, mar shampla. Tá sé ríthábhachtach freisin faisnéis a chur ar fáil maidir leis na torthaí agus na himpleachtaí do na comhpháirtithe comhoibríocha agus don spriocphobal ar bhealach atá inléite go furasta agus ar bhealaí cumarsáide iomchuí.

Ba cheart go mbeadh an cur chuige sonraí chun gnímh ina bpríomhghné de phleanáil agus de chur chun feidhme suirbhé. Ach úsáid a bhaint as modheolaíocht chaighdeánaithe chun faireachas a dhéanamh ar DRIDanna i measc PWIDanna, beidh comhchuibhiú sonraí faireachais i measc PWIDanna úsáideach le haghaidh comparáid a dhéanamh, faireachán á dhéanamh ar dhul chun cinn i dtreo coisc, maille le heispéiris agus ceachtanna a foghlaimíodh a chomhroinnt. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach a áirithiú go ndéanfar na sonraí fóna atá ar fáil cheana féin i mórán cásanna a thuairisciú do EUDA trí FONTE chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar DRIDanna i measc PWIDanna ar an leibhéal Eorpach.

I dteannta le tuairisciú sonraí, ní mór plean chur le chéile maidir lena scaipeadh. Cé hiad na príomhpháirtithe leasmhara atá le cur ar an eolas (féach freisin [Tábla 1](#)), cé air a mbeidh tionchar ag na torthaí, agus cá háit ar féidir tionchar a imirt? Gné thábhachtach eile ná cén cainéal cumarsáide a roghnófar chuige sin; beidh sé seo ag brath ar cé a bhfaighidh an eolais; cuir i gcás gur féidir na sonraí a bhreithniú go leictreonach ar shuíomhanna gréasáin, nuachtlitreacha nó na meáin shóisialta, ach freisin ar bhealach níos eolasaí trí bhíthin achoimrí agus lámhscríbhinní píar-athbhreithnithe, nó i gcruinnithe agus le linn laethanta nó tráthnónta faisnéise. Is fíorthábhachtach freisin é uainiú an tuairiscithe, cuir i gcás d'fhonn luach na sonraí mar shonraí chun gnímh a áirithiú, ba cheart scaipeadh a dhéanamh a luaithe is féidir tar éis dheireadh chéim an bhailithe sonraí.

Tagairtí

Christiansen, T. and Lauritsen, J. (2010), 'EpiData - Comprehensive data management and basic statistical analysis system', EpiData Association, Odense, Denmark, <http://www.epidata.dk>.

Collier, M. G., Garfein, R. S., Cuevas-Mota, J. and Teshale, E. H. (2017), 'Comparison of three popular methods for recruiting young persons who inject drugs for interventional studies', *Journal of Urban Health* 94(4), pp. 587-591, <https://www.doi.org/10.1007/s11524-017-0158-x>.

Degenhardt, L., Charlson, F., Stanaway, J., Larney, S., Alexander, L. T., Hickman, M., Cowie, B., Hall, W. D., et al. (2016), 'Estimating the burden of disease attributable to injecting drug use as a risk factor for HIV, hepatitis C, and hepatitis B: findings from the Global Burden of Disease Study 2013', *Lancet Infectious Diseases* 16(12), pp. 1385-1398, [https://www.doi.org/10.1016/S1473-3099\(16\)30325-5](https://www.doi.org/10.1016/S1473-3099(16)30325-5).

Degenhardt, L., Peacock, A., Colledge, S., Leung, J., Grebely, J., Vickerman, P., Stone, J., Cunningham, E. B., et al. (2017), 'Global prevalence of injecting drug use and sociodemographic characteristics and prevalence of HIV, HBV, and HCV in people who inject drugs: a multistage systematic review', *Lancet Global Health* 5(12), pp. e1192-e1207, [https://www.doi.org/10.1016/S2214-109X\(17\)30375-3](https://www.doi.org/10.1016/S2214-109X(17)30375-3).

Degenhardt, L., Webb, P., Colledge-Frisby, S., Ireland, J., Wheeler, A., Ottaviano, S., Willing, A., Kairouz, A., et al. (2023), 'Epidemiology of injecting drug use, prevalence of injecting-related harm, and exposure to behavioural and environmental risks among people who inject drugs: a systematic review', *Lancet Global Health* 11(5), pp. e659-e672, [https://www.doi.org/10.1016/S2214-109X\(23\)00057-8](https://www.doi.org/10.1016/S2214-109X(23)00057-8).

ECDC (2020), *Technical protocol for hepatitis C prevalence surveys in the general population*, European Centre for Disease Prevention and Control, Stockholm, doi:10.2900/30190.

EMCDDA (2013), 'DRID guidance module: Methods of bio-behavioural surveys on HIV and viral hepatitis in people who inject drugs — a short overview', European Monitoring Centre for Drugs and Drug Addiction, Lisbon, https://www.euda.europa.eu/publications/manuals-and-guidelines/drid-toolkit_en.

EMCDDA (2021), *Increasing access to hepatitis C testing and care for people who inject drugs*, Identifying barriers to and opportunities for supporting hepatitis C testing and care in drug services: a participatory diagnostic process, Publications Office of the European Union, Luxembourg, https://www.euda.europa.eu/publications/manuals/manual-increasing-access-hepatitis-c-testing-and-care-people-who-inject-drugs_en.

Hommes, F., Krings, A., Dorre, A., Neumeier, E., Schaffer, D. and Zimmermann, R. (2023), 'International harm reduction indicators are still not reached: results from a repeated cross-sectional study on drug paraphernalia distribution in Germany, 2021', *Harm Reduction Journal* 20(1), p. 137, <https://www.doi.org/10.1186/s12954-023-00870-2>.

Léon, L., Des Jarlais, D., Jauffret-Roustide, M. and Le Strat, Y. (2016), 'Update on respondent-driven sampling: Theory and practical considerations for studies of persons who inject drugs', *Methodological Innovations* 9, <https://www.doi.org/10.1177/2059799116672878>.

McLeod, A., Hutchinson, S. J., Smith, S., Leen, C., Clifford, S., McAuley, A., Wallace, L. A., Barclay, S. T., et al. (2021), 'Increased case-finding and uptake of direct-acting antiviral treatment essential for micro-elimination of hepatitis C among people living with HIV: a

national record linkage study', *HIV Medicine* 22(5), pp. 334-345, <https://www.doi.org/10.1111/hiv.13032>.

Schaeffer, R., Mendenhall, W. and Ott, L. (1990), *Elementary survey sampling, fourth edition*, Belmont, California.

WHO (2017), *WHO guidelines on hepatitis B and C testing*, World Health Organization, Geneva, <https://apps.who.int/iris/rest/bitstreams/1080581/retrieve>.

WHO (2022), *Consolidated guidelines on HIV, viral hepatitis and STI prevention, diagnosis, treatment and care for key populations*, World Health Organization, Geneva, Switzerland, <https://www.who.int/publications/i/item/9789240052390>.

WHO. Regional Office for the Eastern Mediterranean (2013), *Introduction to HIV/AIDS and sexually transmitted infection surveillance. Module 4: Introduction to respondent-driven sampling*, World Health Organization, <https://iris.who.int/handle/10665/116864>.

Yeung, A., Palmateer, N. E., Dillon, J. F., McDonald, S. A., Smith, S., Barclay, S., Hayes, P. C., Gunson, R. N., et al. (2022), 'Population-level estimates of hepatitis C reinfection post scale-up of direct-acting antivirals among people who inject drugs', *Journal of Hepatology* 76(3), pp. 549-557, <https://www.doi.org/10.1016/j.jhep.2021.09.038>.

IARSCRÍBHINNÍ

Iarscríbhinn 1: Faisnéis agus foinsí atá ar fáil do PWIDanna maidir le modheolaíocht faireacháin agus suirbhé

Tuilleadh léitheoireachta

Clár Comhpháirteach na Náisiún Aontaithe maidir le VEID/SEIF (UNAIDS), [Global AIDS monitoring](#) [Faireachán domhanda SEIF] (2023).

ECDC agus EMCDDA, [Prevention and control of infectious diseases among people who inject drugs – 2023 update \(2023\)](#) [Galair thógálacha a chosc agus a rialú i measc daoine a bhaineann mí-úsáid as drugaí trí instealladh – nuashonrú 2023] (2023).

ECDC, [Hepatitis B – Annual epidemiological report for 2021](#) [Heipitíteas B – Tuarascáil eipidéimeolaíoch bhliantúil do 2021] (2022).

ECDC, [Hepatitis C – Annual epidemiological report for 2021](#) [Heipitíteas C – Tuarascáil eipidéimeolaíoch bhliantúil do 2021] (2022).

ECDC, [Monitoring the responses to hepatitis B and C epidemics in the EU/EEA Member States](#) [Faireachán a dhéanamh ar na freagairtí ar eipidéimí heipitíteas B agus C i mBallstáit AE/LEE] (2019).

ECDC, [Pre-exposure prophylaxis for HIV prevention in Europe and Central Asia – Monitoring implementation of the Dublin Declaration on Partnership to fight HIV/AIDS in Europe and Central Asia – 2022 progress report](#) [Próifíolacsas réamhnochta chun VEID a chosc san Eoraip agus san Áise Láir – Faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme Dhearbhú Bhaile Átha Cliath maidir le Comhpháirtíocht chun VEID/SEIF a chomhrac san Eoraip agus san Áise Láir – tuarascáil ar dhul chun cinn 2022] (2023).

ECDC/EDS an Eoraip, [HIV/AIDS surveillance in Europe 2022 \(2021 data\)](#) [Faireachas VEID/SEIF san Eoraip 2022 (sonraí 2021)] (2022).

EDS, [Consolidated guidelines on person-centred viral hepatitis strategic information: using data to support country scale-up of hepatitis prevention, diagnosis and treatment services](#) [Treoirínte comhdhlúite maidir le faisnéis straitéiseach duinelárnach i ndáil le heipitíteas víreasach: sonraí a úsáid chun tacú le huas-scálú de réir tíre ar sheirbhísí um chosc, dhiagnóisiú agus chóireáil heipitítis] (2024).

EDS, [Monitoring and evaluation for viral hepatitis B and C: recommended indicators and framework](#) [Faireachán agus meastóireacht le haghaidh heipitíteas víreasach B agus C: táscairí agus creat molta] (2016).

EDS, [New recommendation on hepatitis C virus testing and treatment for people at ongoing risk of infection – Policy brief](#) [Moladh nua maidir le tástáil agus cóireáil víreas heipitíteas C do dhaoine atá i mbaol leanúnach ionfhabhtaithe – Achoimre bheartais] (2022).

EMCDDA, [Balancing access to opioid substitution treatment with preventing the diversion of opioid substitution medications in Europe: challenges and implications](#) [Cothromaíocht a

Prótacal teicniúil i dtaca le galair thógálacha a bhaineann le drugaí (DRIDanna): suirbhéanna maidir le VEID agus heipitíteas víreasach ar dhaoine a bhaineann mí-úsáid as drugaí trí instealladh

bhaint amach idir rochtain ar chóireáil ionadaíochta ópóideach agus atreorú cógas ionadaíochta ópóideach san Eoraip a chosc: dúshláin agus impleachtaí] (2021).

EMCDDA, [Drug-related infectious diseases \(DRID\) toolkit](#) [Sraith uirlisí um ghalair thógálacha a bhaineann le drugaí (DRIDanna)] (2013).

EMCDDA, [Drug-related infectious diseases in Europe: update from the EMCDDA expert network](#) [Galair thógálacha a bhaineann le drugaí san Eoraip: nuashonrú ó líonra saineolaithe EMCDDA] (2020).

EMCDDA, [Monitoring the elimination of viral hepatitis as a public health threat among people who inject drugs in Europe](#) [Faireachán a dhéanamh ar dhíothú heipitítis víreasaigh mar bhagairt don tsláinte phoiblí i measc daoine a bhaineann mí-úsáid as drugaí trí instealladh san Eoraip] (2019).

WHO, [Consolidated guidelines on HIV, viral hepatitis and STI prevention, diagnosis, treatment and care for key populations](#) [Treoirínte comhdhlúite maidir le VEID, heipitíteas víreasach agus cosc, diagnóis, cóireáil agus cúram ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha do phríomhphobail] (2022).

WHO, [Consolidated strategic information guidelines for viral hepatitis planning and tracking progress towards elimination: guidelines](#) [Treoirínte comhdhlúite maidir le faisnéis straitéiseach maidir le pleanáil i dtaca le heipitíteas víreasach agus rianú a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo a dhíothaithe: treoirínte] (2019).